

CENTRAL LIBRARY  
AHMADIYYA MOVEMENT IN ISLAM  
10610 JANE ST.  
MAPLE, ONTARIO

# VÉARSAÍ ROGHNAITHE AS AN QURAN BEANNAITHE

Published by  
ISLAM INTERNATIONAL PUBLICATIONS LTD

©1989 ISLAM INTERNATIONAL PUBLICATIONS LTD  
ISLAMIC INTERNATIONAL PUBLICATIONS  
ISLAMIC INTERNATIONAL PUBLICATIONS  
ISLAMIC INTERNATIONAL PUBLICATIONS

©1989 ISLAM INTERNATIONAL PUBLICATIONS LTD

ISBN 1 85372 180 8

Printed by  
Raqeem Press  
Islamabad, Sheephatch Lane, Tilford,  
Surrey GU10 2AQ U. K.

# I gCeiliúradh an Chéid de Phobal Domhanda Ahmadiyya

Is tabhartas é seo ó Mhoslamaigh Ahmadi, atá, go fiú ag an am seo, ag fulaingt géarleanúna agus mairtíreacht toisc go ngráíonn siad agus go bhfógraíonn siad aontacht Dé. Is iad inchollú spioraid Bhilal.\*

*\* Bhí Bilal (go mba chúis sásaimh do Dhia é) ar dhuine de chompánaigh an Fháidh Bheannaithe, Muhammad (síocháin agus beannachtaí Allah air). Cé gur cuireadh faoi chiapadh fíor-chrua é toisc gur iompaigh sé le Islam, bhí sé sásta aghaidh a thabhairt ar an mbás ná diúltú dá chreideamh in Aontacht Dé.*

## CLÁR

1. Allah — Dia	1
2. Na hAingil	5
3. An Quran Beannaithe	8
4. Na Fáithe	12
5. Fáidh Beannaithe Islam	17
6. Adhradh	20
7. Troscadh	21
8. Caiteachas faoi Riail Allah	22
9. Oilithreacht (Hazz) agus an Kaaba Naofa (Tigh Dé)	24
10. Tabhairt na Teachtaireachta Beannaithe don chine daonna uile	26
11. Béasaíocht, Eitic, Dea-bhéasa	28
12. Bun-phrionsabail an Chórais Eacnaimiúil	32
13. Jihad-Crosáid/sár-iarrachtaí faoi riail Allah	33
14. Cáilíochtaí na gCreidmheach	36
15. Comhcheartanna don Fhear is don Bhean	39
16. Cosc ar Ús — Úsaireacht	41
17. Tairngreachtaí	43
18. Sonraithe faoin Nádúr	46
19. Achanáíocha mar a mhúintear sa Quran Beannaithe	48
20. Roinnt sliochtanna bheaga so-mheabhraithe as an gQuran Beannaithe	51

# RÉAMHRÁ

1. Tá ciall simplí, soiléir le gach véarsa sa Quran Beannaithe, ciall atá sothuigthe go fiú ar an gcéad léamh. Chomh maith le sin is cuid de shain-chóras slánaithe é a bhfuil iliomad sraitheanna ann ag a bhfuil mórán brí nach léir ach amháin faoin gclúid. Tré na sraitheanna seo déantar comhcheangal leanúnach idir ábhar na véarsaí leis na véarsaí a thagann rompu agus leis na véarsaí agus na sliochtanna a thagann ina ndiaidh, amhail is dá mba córas caidrimh ilsraitheach é.

Agus an méid sin ráite is léir dhá rud a bheith fíor:-

- a. Cuma cé chomh eismíneach agus dílis don téacs is atá aistriúchán ar bith, ní bheidh ar a chumas ach cuid den chiall atá sa Quran Beannaithe a shoiléiriú, leabhar atá chomh hil-ghnéitheach agus chomh saibhir sin ina chiall. Go deimhin féin ní féidir a rá gur leor aon aistriúchán amháin den Quran Beannaithe chun ciall iomlán an bhun-téacs a chur in iúl don léitheoir.
- b. Tá sé níos deacra fós rogha véarsaí ar aon téama ar leith a thógáil as an Quran Beannaithe sa chreidiúint gurb íomhá cruinn iad dá bhfuil de véarsaí ann. Mar shampla, dá roghnófaí roinnt véarsaí as an téacs beannaithe, mar léiriú ar an gcóras eacnaimiúil faoi mar a léirítear sa Quran Beannaithe é, ba thoirmeascach an iarracht é toisc nádúr ilghnéitheach an Quran Beannaithe, agus toisc freisin gur féidir fealsamh an chórais eacnaimiúil Islamach a thabhairt leat as mórán véarsaí sa Quran Beannaithe, véarsaí nach bhfuil dlúth-bhaint acu ar chor ar bith leis an eacnamaíocht.

Ina dhiaidh sin agus uile, má chuimhnímid nach bhfuil fáil fós, agus nach bhfuil deis staidéir fós, ar an leabhar rí-iontach seo ag formhór mór de dhaonra an domhain seo, agus iad ag labhairt teangacha difriúla agus ag baint le cultúir éagsúla agus le cumainn eitneacha éagsúla, is léir ansin dúinn chomh práinneach agus chomh tromchúiseach is atá an scéal. Go deimhin féin is tragóid é nár aistríodh an Quran Beannaithe ach go dtí 65 teanga le 1,400 bliain anuas — é seo nuair a áirítear gur aistríodh an Bíobla, de réir tuairisc na gCumann Bíobla, go 1808 teanga.

Toisc cúrsaí a bheith amhlaidh tá tús curtha ag an bpobal Domhanda Moslamach d'Ahmadiyya leis an obair uasal rí-uaimhianach chun an Quran Beannaithe a aistriú go cuimsitheach go dtí ar a laghad 50 teanga a labhraítear go forleathan ar fud an domhain, é sin faoin mbliain 1989 — bliain cheiliúradha an chéid de bhunú Phobail Moslamach Ahmadiyya.

Chomh maith leis sin, tá iarracht á dhéanamh freisin ar an Quran Beannaithe, nó cuid de ar a laghad, a chur ar fáil do chainteoirí mórán eile teangacha, a fhad is atá obair ag dul ar aghaidh ar aistriúchán iomlán a dhéanamh. Chun go ndéanfaí é seo i gceart, déanadh bailiúcháin ar bhonn téamach, de véarsaí roghnaithe an Quran Bheannaithe chun go gcuirfí i láthair léitheoirí atá ar bheagán eolais faoi Islam, bun-teagaisc Islam.

Sa mhéid is go sásóidh an iarracht seo cuid den tóir ar an eolas, tá súil againn, agus guímíd freisin, go nginfidh sé tóir ar a thuilleadh eolais.

Roghnaíodh na véarsaí chun na hábhair tábhachtacha seo a léiriú:-

1. Allah — Dia.
2. Na hAingil.
3. An Quran Beannaithe.
4. Na Fáithe.
5. Fáidh Beannaithe Islam.
6. Adhradh.
7. Troscadh.
8. Caiteachas faoi riail Allah.
9. Oilithreach (Hajj) agus Kaaba (Tigh Dé).
10. Tabhairt na Teachtaireachta Beannaithe don chine daonna uile.
11. Béasaíocht, Eitic, Dea-bhéasa.
12. Bun-phrionsabail an chórais eacnaimiúil.
13. Jihad — Crosáid/sár-iarrachtaí faoi riail Allah.
14. Caighdeán agus Diongbháileacht na gcreidmheach.
15. Comhcheartanna don Fhear is don Bhean.
16. Cosc ar Ús — Úsaireacht.
17. Tairngreachta.
18. Sonraithe faoin Nádúr.
19. Achanaíocha mar a mhúintear sa Quran Beannaithe.
20. Roinnt sliochtanna beaga so-mheabhraithe as an gQuran Beannaithe.

Seo leanas na haistriúcháin iomlána den Quran Beannaithe atá déanta ag pobal Moslamach Ahmadiyya go dtí seo, é seo tré ghrásta Allah:-

An Danmhairgis, An Ollannais, An Béarla, An Espranto, An Fhidsís, An Fhraincís, An Ghearmáiniís, An Gurmukhís, Hindi, An Indinéisis, An Iodáilís, An tSeapáinis, An Kikuyu, An Chóiréis, An Luganda, An Phortaingéilis, An Rúisis, An Spáinnis, An Swahili, An tSualannais, An Urdu, An Youruba.

Is cúis áthais dúinn é a fhógairt go bhfuil aistriúcháin in 18 teanga eile gar do bheith réidh le foilsíú. Le grásta Allah beimid in ann iad a chur i gcló go luath.

Seo 'leanas na teangacha sin:-

An Albáinis, An Asami, An Aria, An Bheangáilis, An tSínis, An Faintís, An Gujratís, An Hausa, An Mhalaeis, An Mhaindlis, An Maraithis, An Pushtu, An Phólannais, An Sindhi, An Taimilis, An Telugu, An Vietnaimis, An Kanri.

Ba chóir fiosrúcháin ar bith i dtaobh an fháil atá ar an Quran Beannaithe sna teangacha éagsúla a chur chuig na foilsitheoirí nó chuig Misean Moslamach Ahmadiyya i dtír ar bith ar domhan.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach cuid de théacs an Quran Beannaithe féin iad na teidil a úsáidtear chun é a chur i láthair anseo.

Ba é Hazrat Mirza Tahir Ahmad, Árdcheannasaí an Phobail Mhoslamaigh Domhanda d'Ahmadiyya a roghnaigh na véarsaí samplacha atá curtha i láthair sa chnuasach seo.

S. H. ABBASI.  
Additional Vakil-ut-Tasneef.  
&  
Nazir Ashaat.  
London.

# 1.

## ALLAH — DIA

Allah is ainm don Neach Uilechumhachtach. Ní úsáidtear an focal Allah ariamh i dteanga na nArabach do rud nó do neach ar bith eile. I dteangacha eile a bhfuil ainmneacha ar Dhia le fáil iontu, úsáidtear iad ar bhealach aidiachtúil agus is minic leagan iolrach a bheith orthu, ach ní úsáidtear an focal Allah ariamh ins an iolra. Ceal focail atá inchurtha leis san nGaeilge, coinnítear an bun ainm Allah tríd síos san aistriúchán.

---

1. In ainm Allah, an té atá grástúil, trócaireach.
2. Gach moladh duit, a Allah, a Rí na ndomhan uile.
3. An té atá róchneasta, trócaireach.
4. An té atá ina mháistir ar Lá an Bhreithiúnais.
5. Is Tú amháin a adhraimid, is Tú amháin a n-impímid ort cabhrú linn.
6. Cuir ar an mbealach ceart muid.
7. Bealach an dreama sin ar ar chuir Tú do bheannacht, agus nár tharraing Do mhíghnaoi orthu féin, agus nach ndeachaigh amú. Caibidil 1:1-7.

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ①

الْحَمْدُ لِلَّهِ رَبِّ الْعَالَمِينَ ②

الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ③

مَلِكِ يَوْمِ الدِّينِ ④

إِيَّاكَ نَعْبُدُ وَإِيَّاكَ نَسْتَعِينُ ⑤

اهْدِنَا الصِّرَاطَ الْمُسْتَقِيمَ ⑥

صِرَاطَ الَّذِينَ أَنْعَمْتَ عَلَيْهِمْ غَيْرِ

الْمَغضُوبِ عَلَيْهِمْ وَلَا الضَّالِّينَ ⑦



2. Tugann a bhfuil sna flaithis agus ar an domhan glóir d'Allah; is é atá cumhachtach agus gaoiseach.

سَبَّحَ لِلَّهِ مَا فِي السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَهُوَ الْعَزِيزُ الْحَكِيمُ ﴿٢﴾

3. Is leis ríocht na bhflaitheas agus an domhain; is é bronntóir na beatha agus tionscnóir an bháis é; agus is aige atá cumhacht ar gach uile ní.

لَهُ مُلْكُ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ يُحْيِي وَيُمِيتُ وَهُوَ عَلَى كُلِّ شَيْءٍ قَدِيرٌ ﴿٣﴾

4. Is É an tAlfa agus an tóimige É, agus an Neach atá sofheicthe agus dofheicthe, agus tá fios maith gach aon ní aige.

هُوَ الْأَوَّلُ وَالْآخِرُ وَالظَّاهِرُ وَالْبَاطِنُ وَهُوَ بِكُلِّ شَيْءٍ عَلِيمٌ ﴿٤﴾

5. Is é a chruthaigh na flaithis agus an domhan i sé thréimhse, agus a shealbhaigh ansin an choróin dó féin. Is eol dó a dtagann agus a n-ímíonn ón saol seo, agus gach ní a thuirlingíonn anuas agus a éiríonn in airde chuig na flaithis. Agus bíonn sé libh is cuma cá mbíonn sibh. Agus feiceann Allah gach a mbíonn ar siúl agaibh.

هُوَ الَّذِي خَلَقَ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضَ فِي سِتَّةِ أَيَّامٍ ثُمَّ اسْتَوَىٰ عَلَى الْعَرْشِ يَعْلَمُ مَا يَلِيحُ فِي الْأَرْضِ وَمَا يَخْرُجُ مِنْهَا وَمَا يَنْزِلُ مِنَ السَّمَاءِ وَمَا يَعْرُجُ فِيهَا وَهُوَ مَعَكُمْ أَيْنَ مَا كُنْتُمْ وَاللَّهُ بِمَا تَعْمَلُونَ بَصِيرٌ ﴿٥﴾

6. Is leisean ríocht na bhflaitheas agus an domhain; agus cuirtear gach scéal faoi bhráid Allah.

لَهُ مُلْكُ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَإِلَى اللَّهِ تُرْجَعُ الْأُمُورُ ﴿٦﴾

7. Is é faoi ndeara don oíche imeacht roimh an lá agus don lá imeacht roimh an oíche; agus tá a fhios aige go maith a bhfuil i gcoíthe.

يُولِجُ اللَّيْلَ فِي النَّهَارِ وَيُؤَلِّجُ النَّهَارَ فِي اللَّيْلِ وَهُوَ عَلِيمٌ بِذَاتِ الصُّدُورِ ﴿٧﴾

8. Creidigí in Allah agus ina Theachtaire, agus caithigí mar a chaitheadh Allah ar fhág sé agaibh le hoidhreacht. Agus sibhse a chreideann agus a chaitheann amhlaidh beidh luach mór saothair agaibh. Caibidil 57:2-8.

ءَاٰمِنُوۡا بِاللّٰهِ وَرَسُوۡلِهٖ ؕ وَاَنْفِقُوۡا مِمَّا جَعَلَكُمۡ مُّسْتَحِلِّفِيۡنَ فِيْهِ ۗ فَاَلَّذِيۡنَ ؕ ءَاٰمَنُوۡا مِنْكُمْ وَاَنْفَقُوۡا لَهُمْ اَجْرٌ كَبِيۡرٌ ﴿٨﴾

الحديد: ٢ - ٨

2. Tugann a bhfuil sna flaithis agus ar domhan glóir d'Allah; is leisean an ríocht agus an moladh, agus tá cumhacht aige ar gach uile ní.

يَسِيحُ لِلَّهِ مَا فِي السَّمَوَاتِ وَمَا فِي الْأَرْضِ لَهُ الْمُلْكُ وَلَهُ الْحَمْدُ وَهُوَ عَلَىٰ كُلِّ شَيْءٍ قَدِيرٌ ﴿٢﴾

3. Eisean a chruthaigh sibh, ach tá cuid agaibh a bhfuil creideamh agaibh agus cuid agaibh nach bhfuil; agus feiceann Allah an rud a mbíonn ar bun agaibh.

هُوَ الَّذِي خَلَقَكُمْ فَمِنْكُمْ كَافِرٌ وَمِنْكُمْ مُّؤْمِنٌ ۗ وَاللَّهُ بِمَا تَعْمَلُونَ بَصِيرٌ ﴿٣﴾

4. Is tríd an bhfrinne a chruthaigh sé na flaithis agus an domhan, agus sé a mhúnlaigh sibh agus a d'fhág cuma álainn oraibh, agus is chuigesean a fhillfear ar deireadh.

خَلَقَ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضَ بِالْحَقِّ وَصَوَّرَكُمْ فَأَحْسَنَ صُورَكُمْ وَإِلَيْهِ الْمَصِيرُ ﴿٤﴾

5. Is eol dó gach rud atá sna flaithis agus ar an domhan, agus is eol dó an méid a cheileann agus a nochtáíonn sibh; agus tá a fhios ag Allah go maith a bhfuil i gcoirthe. Caibidil 64:2-5.

يَعْلَمُ مَا فِي السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَيَعْلَمُ مَا تُسْرُونَ وَمَا تُعْلِنُونَ وَاللَّهُ عَلِيمٌ بِذَاتِ الصُّدُورِ ﴿٥﴾

التغابن ٢ - ٥

96. Is é Allah, go deimhin, a chuireann an síol agus na heithní pailme ag péacadh. Gaireann sé an beo ón marbh, agus is É gairmeoir an mhairbh ón mbeo É. Is É sin Allah; agus tuige mar sin a bhfuil cúl tugtha agaibh leis?

إِنَّ اللَّهَ فَالِقُ الْحَبِّ وَالنَّوَى يُخْرِجُ الْحَيَّ مِنَ الْمَيِّتِ وَيُخْرِجُ الْمَيِّتَ مِنَ الْحَيِّ ذَٰلِكُمْ اللَّهُ فَالِقُ تُوْفُكُونَ ﴿١٦﴾

97. Is É is cúis le breacadh an lae, agus chruthaigh Sé an oíche fá choinne suaimhnis agus an ghrian is an ghealach leis an am a ríomh. Is é sin ordú an Neach atá cumhtach goiseach.

فَالِقُ الْإِصْبَاحِ وَجَعَلَ اللَّيْلَ سَكَنًا وَالشَّمْسَ وَالْقَمَرَ حُسْبَانًا ذَٰلِكَ تَقْدِيرُ الْعَزِيزِ الْعَلِيمِ ﴿١٧﴾

98. Agus Eisean a chruthaigh na réalta díbh ionas go n-aithneodh sibh dá dtairbhe an treo ceart i ndomhaindhorchadas na tíre agus na farraige. Tá mionmhíniú tugtha againn ar na Solaoidí do phobal a bhfuil eolas acu.

وَهُوَ الَّذِي جَعَلَ لَكُمُ النُّجُومَ لِتَهْتَدُوا بِهَا فِي ظُلُمَاتِ اللَّيْلِ وَالْبَحْرِ قَدْ فَصَّلْنَا الْآيَاتِ لِقَوْمٍ يَعْلَمُونَ ﴿١٨﴾

99. Agus Eisean a cheap sibh ón aon duine amháin agus is ann atá dídean agus lóistín díbh. Tá mionmhíniú tugtha againn ar an Solaoidí do phobal a thuigeann.

وَهُوَ الَّذِي أَنْشَأَكُمْ مِنْ نَفْسٍ وَاحِدَةٍ فَمُسْتَقَرٌّ وَمُسْتَوْدَعٌ قَدْ فَصَّلْنَا الْآيَاتِ لِقَوْمٍ يَفْقَهُونَ ﴿١٩﴾

100. Agus Eisean is cúis leis an mbáisteach, an fás, an duilliúr agus an grán. Agus tagann na triobaill ísealchrochta amach ó phailm an dáta, amach óna dtruaill. agus leis sin soláthraimid goirt na bhfionchaor is na n-ológ is na bpomagránaití — is ionann iad agus ní hionann. Agus féachaigí a gcuid torthaí nuair a fhásann siad agus nuair a aibíonn siad. Nach gcaithfidh sé gur ina leithéid atá comharthaí do phobal a bhfuil creideamh acu.

وَهُوَ الَّذِي أَنْزَلَ مِنَ السَّمَاءِ مَاءً فَأَخْرَجْنَا بِهِ نَبَاتَ كُلِّ شَيْءٍ فَأَخْرَجْنَا مِنْهُ خَضِرًا نُخْرِجُ مِنْهُ حَبًّا مُتَرَاكِبًا وَمِنَ النَّخْلِ مِنَ طَلْعِهَا قِنْوَانٌ دَانِيَةٌ وَجَنَّاتٍ مِنْ أَعْنَابٍ وَالزَّيْتُونَ وَالرُّمَانَ مُشْتَبِهًا وَعَيْرُ مُشْتَبِهٍ انظُرُوا إِلَى ثَمَرِهِ إِذَا أَثْمَرَ وَيَنْعِهِ إِنَّ فِي ذَٰلِكُمْ لَآيَاتٍ لِقَوْمٍ يُؤْمِنُونَ ﴿٢٥﴾

101. Agus ceapann siad go n-oibríonn na Jinn agus Allah as lámh a chéile, bíodh is gurb Eisean a chruthaigh iad; agus cuireann siad clann mhac agus iníon ina leith gan údar. Tá Sé naofa agus tá uaisleacht níos mó ag baint leis ná luann siad leis!

Caibidil 6:96-101.

وَجَعَلُوا لِلَّهِ شُرَكَاءَ الْجِنَّ وَخَلَقَهُمْ وَخَرَقُوا لَهُ بَنِينَ  
وَبَنَاتٍ بِغَيْرِ عِلْمٍ سُبْحَانَكَ وَتَعَالَى عَمَّا  
يَصِفُونَ ﴿١٠١﴾

الأنعام: ٩٦ - ١٠١

256. Allah — níl aon Dia ann ach É, an Neach beo, féinbheatháitheach agus uilechothaíoch. Ní thiteann suañ ná codladh air. Is leis a bhfuil sna flaithis agus ar an domhan. Cé a dhéanfadh idirghuí leis ach le cead uaidh? Is eol dó a bhfuil rompu agus ina ndiaidh; agus ní léir dóibh a bhfuil d'eolas aige ach an méid a thograíonn Sé a ligeann leo. Tá eolas aige ar na flaithis agus ar an domhan; agus ní haon ualach dó a gcúram; agus is É an Neach É atá uasal, mór.

Caibidil 2:256.

اللَّهُ لَا إِلَهَ إِلَّا هُوَ الْحَيُّ الْقَيُّومُ لَا تَأْخُذُهُ سِنَّةٌ  
وَلَا نَوْمٌ لَهُ مَا فِي السَّمَوَاتِ وَمَا فِي الْأَرْضِ مَنْ  
ذَا الَّذِي يَشْفَعُ عِنْدَهُ إِلَّا بِإِذْنِهِ يَعْلَمُ مَا بَيْنَ  
أَيْدِيهِمْ وَمَا خَلْفَهُمْ وَلَا يُحِيطُونَ بِشَيْءٍ مِنْ  
عِلْمِهِ إِلَّا بِمَا شَاءَ وَسِعَ كُرْسِيُّهُ السَّمَوَاتِ  
وَالْأَرْضَ وَلَا يَئُودُهُ حِفْظُهُمَا وَهُوَ الْعَلِيُّ الْعَظِيمُ ﴿٢٥٦﴾

البقرة: ٢٥٦

23. Is É Allah É, agus níl aon Dia ann seachas É féin, an Neach ar eol dó a bhfuil ann sofheicthe agus dofheicthe. Tá Sé ró chneasta, trócaireach.

هُوَ اللَّهُ الَّذِي لَا إِلَهَ إِلَّا هُوَ عَلَيْهِ السَّمْعُ  
وَالشَّهَادَةُ هُوَ الرَّحْمَنُ الرَّحِيمُ ﴿٢٣﴾

24. Is É Allah É, agus níl aon Dia ann seachas É féin, an Flaith, an Neach Naofa, Tobar na Síochána, Bronntóir an Tearmain, an Coimirceoir, an Neach Cumhachtach, an Ceansaitheoir, an Neach Uasal. Is naofa go mór É Allah seachas mar a luann siad leis.

هُوَ اللَّهُ الَّذِي لَا إِلَهَ إِلَّا هُوَ الْمَلِكُ الْقُدُّوسُ  
السَّلَامُ الْمُؤْمِنُ الْمُهَيْمِنُ الْعَزِيزُ الْجَبَّارُ  
الْمُتَكَبِّرُ سُبْحَانَ اللَّهِ عَمَّا يُشْرِكُونَ ﴿٢٤﴾

25. I É Allah É, an Cruthaitheoir, an Déantóir, an Ceapadóir. Is iad a chuid ainmneacha siúd na hainmneacha is áille. Tugann a bhfuil sna flaithis agus ar an domhan glóir dó, agus is Eisean an Neach atá cumhachtach, gaioseach.

Caibidil 59:23-25.

هُوَ اللَّهُ الْخَلِيقُ الْبَارِئُ الْمُصَوِّرُ لَهُ الْأَسْمَاءُ  
الْحُسْنَى يُسَبِّحُ لَهُ مَا فِي السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَهُوَ  
الْعَزِيزُ الْحَكِيمُ ﴿٢٥﴾

الحشر: ٢٣ - ٢٥

## 2.

# NA hAINGIL

'Sé is bun-chiall litriúil an fhocail ná “iompróir-theachtaireachta” nó “gníomhaire”. Míníonn sé seo an aidhm a bhí leis na haingil a chruthú. Beireann siad teachtaireachtaí Dé leo agus cuireann siad A thoil i gcrích sa chruinne. Mar sin is baill den domhan fisiciúil agus den domhan spioradálta iad na haingil.

Feidhmíonn tionchar na naingéal sa domhan spioradálta ar mhodh díreach agus É neamhspleách ar ghníomhú idirghabháileach ar bith. Is ionann an díchreideamh sna haingil agus cúrsa léirithe de sholas Dé don duine a ghearradh amach.

2. Gach moladh duit, a Allah, Cruthaitheoir na bhflaitheas agus an domhain, an té a bhfuil na haingil ar phéire, trí cinn nó ceithre cinn de sciatháin ina dteachtairí. Cuireann sé leis an domhan cibé rud is maith leis; mar tá cumhacht ar gach uile ní ag Allah.

الْحَمْدُ لِلَّهِ فَاطِرِ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ جَاعِلِ الْمَلَكِئِكَةِ  
رُسُلًا أُولِي أَجْنِحَةٍ مَّثْنَى وَثُلَاثَ وَرُبْعَ نَزِدُ فِي الْخَلْقِ  
مَا يَشَاءُ إِنَّ اللَّهَ عَلِيمٌ عَلَىٰ كُلِّ شَيْءٍ قَدِيرٌ ﴿٢﴾

فاطر: ٢

98. Abraígí, ‘Cibé duine atá ina namhaid ag Gabriel<sup>123</sup> — mar Eisean a chuir ag fréamhú i do chroí é, faoi mar a d’ordaigh Allah, ag comhlíonadh an apacailipsis úd a tháinig ann roimhe, agus is treoir agus deá-scéal do na creidmhigh é.

قُلْ مَنْ كَانَ عَدُوًّا لِجِبْرِيلَ فَإِنَّهُ نَزَّلَهُ عَلَىٰ  
قَلْبِكَ بِإِذْنِ اللَّهِ مُصَدِّقًا لِمَا بَيْنَ يَدَيْهِ  
وَهُدًى وَبُشْرَىٰ لِلْمُؤْمِنِينَ ﴿٩٨﴾

99. “Cibé duine ar namhaid é d’Allah agus dá chuid Aingeal agus dá chuid teachtairí, agus do Ghabriel, agus do Mhicheál,<sup>124</sup> is cinnte, ag an tráth sin, is cinnte, mar sin gur namhaid É Allah ag a leithidí de dhíchreidmhigh.’  
Caibidil 2:98-99.

مَنْ كَانَ عَدُوًّا لِلَّهِ وَمَلَائِكَتِهِ وَرُسُلِهِ  
وَجِبْرِيلَ وَمِيكَالَ فَإِنَّ اللَّهَ عَدُوٌّ لِلْكَافِرِينَ ﴿٩٩﴾  
البقرة: ٩٨ - ٩٩

178. Téann sé in aghaidh na firéantachta, bhur n-aghaidh a iompú siar nó soir, ach is firéan ó cheart an té a chreideann in Allah agus i Lá an Bhreithiúnais agus sna hAingil agus sa Leabhar agus sna Fáithe, a chaitheann a chuid airgid le grá dó, ar na gaolta agus ar na dílleachtaí agus orthu siúd atá i ngátar agus ar na fánaithe agus orthu siúd a iarrann déirce, agus ag íoc airgead fhuascailte na bpríosúnach; agus an té a chloínn lena chuid paidreacha agus a íocann an Zakât; agus iad siúd a chomhlíonann na geallúintí a bhíonn tugtha acu, agus a bhíonn foighdeach in am an ghátair agus seasmhach le linn cogaidh; agus is iad seo a bhí ionraic agus is iad a bhfuil omós do Dhia acu.  
Caibidil 2:178.

لَيْسَ الْبِرَّ أَنْ تُولُوا وُجُوهَكُمْ قِبَلَ الْمَشْرِقِ  
وَالْمَغْرِبِ وَلَكِنَّ الْبِرَّ مَنْ آمَنَ بِاللَّهِ وَالْيَوْمِ  
الْآخِرِ وَالْمَلَائِكَةِ وَالْكِتَابِ وَالنَّبِيِّينَ وَآتَى  
الْمَالَ عَلَى حُبِّهِ ذَوَى الْقُرْبَىٰ وَالْيَتَامَىٰ  
وَالْمَسْكِينِ وَابْنَ السَّبِيلِ وَالسَّائِلِينَ وَفِي  
الرِّقَابِ وَأَقَامَ الصَّلَاةَ وَآتَى الزَّكَاةَ  
وَالْمُوفُونَ بِعَهْدِهِمْ إِذَا عَاهَدُوا وَالصَّابِرِينَ  
فِي الْبَأْسَاءِ وَالضَّرَّاءِ وَحِينَ الْبَأْسِ أُولَئِكَ الَّذِينَ  
صَدَقُوا وَأُولَئِكَ هُمُ الْمُتَّقُونَ ﴿١٧٨﴾  
البقرة: ١٧٨

286. Creideann an Teachtaire seo againne sna rudaí ar thug a Thiarna léargas dó orthu, agus is amhlaidh a chreideann na creidmhigh: tá creideamh acu uile in Allah, agus ina chuid Aingeal, agus ina chuid Leabhar, agus ina chuid Theachtairí.  
Caibidil 2:286.

ءَامَنَ الرَّسُولُ بِمَا أُنزِلَ إِلَيْهِ مِنْ رَبِّهِ وَالْمُؤْمِنُونَ  
كُلٌّ ءَامَنَ بِاللَّهِ وَمَلَائِكَتِهِ وَكُتُبِهِ وَرُسُلِهِ لَنْفُرُقُ  
بَيْنَ أَحَدٍ مِنْ رُسُلِهِ وَقَالُوا سَمِعْنَا وَأَطَعْنَا  
عُفْرَانَا رَبَّنَا وَإِلَيْكَ الْمَصِيرُ ﴿٢٨٦﴾  
البقرة: ٢٨٦

76. As cuideachta na nAingeal agus as cuideachta na bhfear a roghnaíonn Allah a chuid teachtairí. Is é Allah go deimhin, an té ar féidir leis gach rud a chloisteáil agus fheiceáil.  
Caibidil 22:76.

اللَّهُ يَصْطَفِي مِنَ الْمَلَائِكَةِ رُسُلًا وَمِنَ  
النَّاسِ إِنَّ رَبَّكَ سَمِيعٌ بَصِيرٌ ﴿٧٦﴾  
الحج: ٧٦

137. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh! Creidigí in Allah agus ina Theachtaire, agus sa Leabhar a léirigh Sé dá Theachtaire, agus an Leabhar a léirigh sé roimhe. Agus go deimhin an duine nach greideann in Allah, agus ina chuid aingeal, agus ina Leabhair, agus ina Theachtairí agus i Lá an Luain tá sé imithe amú go mór.  
Caibidil 4:137.

يَأَيُّهَا الَّذِينَ آمَنُوا ءَامِنُوا بِاللَّهِ وَرَسُولِهِ ءَوَالِكُنَّبِ  
الَّذِي نَزَلَ عَلَى رَسُولِهِ ءَوَالِكِتَابِ الَّذِي أَنْزَلَ  
مِنْ قَبْلُ ءَوْمَنْ يَكْفُرْ بِاللَّهِ ءَوْمَلَّتْ كِتَابَهُ ءَوَكُنِّيهِ ءَوْرَسُولِهِ  
ءَوَالْيَوْمِ ءَوَالْآخِرِ فَقَدْ ضَلَّ ضَلَالًا بَعِيدًا ﴿١٣٧﴾

النساء: ١٣٧

### 3.

## AN QURAN BEANNAITHE

Is é an Quran an t-ainm a thug Dia féin don leabhar a léiríodh do Fháidh Beannaithe Islam, leabhar ina bhfuil fáil ar shain-dlí an chine daonna. Ciallaíonn Quran leabhar a cumadh chun go léifí é. Go deimhin, is é an Quran an leabhar is mó a léitear ar domhan. Ciall eile atá leis an bhfocal ná leabhar nó teachtaireacht a bhfuil sé i gceist leis go gcuirfí gach cine ar an eolas é a bheith ann. Tá an Quran ar an leabhar a léiríodh, nach bhfuil bac ar bith curtha ar a insint nó ar a rún; mar cé go bhfuil gach leabhar eile dírithe ar thréimhse ar leith nó ar dhaoine ar leith is leabhar é an Quran atá dírithe go huilesheasamhach ar gach uile cine (34-29).

2. Alif Lām Mim\*.

Is Mise Allah, Uile-Eolasach.

الر

3. Is foirre an Leabhar é seo; níl aon rian den amhras le fáil ann; is treoir é do na firéin.  
Caibidil 2:2-3.

ذٰلِكَ الْكِتٰبُ لَا رَيْبَ فِيْهِ هُدًى لِّلْمُتَّقِيْنَ ۝۲

البقرة: ۲ - ۳

78. Is usual go deimhin an Qur'ān é seo.

اِنَّهٗ لَقُرْءَانٌ كَرِيْمٌ ۝۷۸

79. I leabhar dea-chaomhnaithe.  
Caibidil 56:78-79.

فِيْ كِتٰبٍ مَّكْنُوْنٍ ۝۷۹

الواقعة: ۷۸ - ۷۹

4. Is ann atá aitheanta buana.  
Caibidil 98:4.

فِيْهَا كُتِبَ قِيَمَةٌ ۝۹۸

البيّنة: ۴

24. Tá an tsártheachtairacht seolta anuas ag Allah i bhfoirm leabhair, a bhfuil na véarsaí ann ag tacú le chéile agus ag déanamh athrú ar a chéile i leaganacha malartacha a chuireann drithlínní leo siúd a bhfuil scáth orthu roimh Dhia; agus ansin corraítear idir chroí is

اللّٰهُ نَزَلَ اَحْسَنَ الْحَدِيْثِ كِتٰبًا مُّتَشٰبِهًا مَّثٰنِيٍّ  
نَفْسَعْرِمْنَهٗ جُلُوْدَ الَّذِيْنَ يَخْشَوْنَ رَبَّهُمْ ثُمَّ تَلٰٓئِن

# AN QURAN BEANNAITHE

chraiceann iad ag cuimhniú dóibh ar Allah. Is mar sin a threoraíonn Allah; tugann Sé treoir dá réir dóibh siúd ar mhian leis é. Agus an té a cheapann Allah a bheith ar seachrán — ní thabharfar aon treoir dó.

Caibidil 39:24.

جُلُّوهُمْ وَقُلُوبُهُمْ إِلَىٰ ذِكْرِ اللَّهِ ذَٰلِكَ هُدَىٰ اللَّهِ  
يَهْدِي بِهِ مَن يَشَاءُ وَمَن يُضِلِلِ اللَّهُ فَمَا لَهُ مِن

الزمر: ٢٤

هَادٍ ﴿٢٤﴾

2. Hā Mim\*.

An Té inmholta, Tiarna na hUrraime.

حَم ﴿٢﴾

3. Le cumhacht an leabhair sothuigthe seo.

وَأَلَكْتَبِ الْمُبِينِ ﴿٣﴾

4. Tá Qur'ān ceaptha againn, i dteanga bhríúil, shíodúil ionas go mbeidh ar bhurgumas é a thuiscint.

إِنَّا جَعَلْنَاهُ قُرْءَانًا عَرَبِيًّا لَعَلَّكُمْ تَعْقِلُونَ ﴿٤﴾

5. Agus go deimhin, nach taiscthe go maith atá sé againe i Máthar an Leabhair, atá uasal agus lán le gaois.

Caibidil 43:2-5.

وَإِنَّهُ فِي أُولَىٰ الْأَلْتَبِ لَدَيْنَا لَعَلِي حَكِيمٌ ﴿٥﴾

الزخرف: ٢ - ٥

73. Thairg muid an Cúram do na flaithis agus don domhan agus do na sléibhte ach dhiúltaigh siad dó agus bhí faitíos orthu roimhe. Ach ghlac an cine daonna air féin é. Tá sé ar a chumas, go deimhin, éagóir is faillí a dhéanamh air féin.

إِنَّا عَرَضْنَا الْأَمَانَةَ عَلَى السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَالْجِبَالِ  
فَأَبَيْنَ أَنْ يَحْمِلْنَهَا وَأَشْفَقْنَ مِنْهَا وَحَمَلَهَا الْإِنْسَانُ إِنَّهُ  
كَانَ ظَلُومًا جَهُولًا ﴿٧٣﴾

74. Dá bharr fearrfaidh Allah pionós ar fhir agus ar mhná bréagchráifeacha, agus ar fhir agus ar mhná a bhfuil déithe bréige acu; agus tugann Allah aghaidh thrócaireach ar fhir agus ar mhná a bhfuil creideamh ina gcróithe acu; agus Sé Allah atá fíormhaiteach agus fíorthrócaireach.

Caibidil 33:73-74.

لِيُعَذِّبَ اللَّهُ الْمُنَافِقِينَ وَالْمُنَافِقَاتِ وَالْمُشْرِكِينَ  
وَالْمُشْرِكَاتِ وَيَتُوبَ اللَّهُ عَلَى الْمُؤْمِنِينَ وَالْمُؤْمِنَاتِ  
وَكَانَ اللَّهُ غَفُورًا رَحِيمًا ﴿٧٤﴾

الأحزاب: ٧٣ - ٧٤

89. Abraigí: 'Dá ngabhadh an cine daonna agus an Jinn i bpáirt le chéile le leithéidí an Qur'ān seo a cheapadh, chinnfeadh sé orthu a mhacasamhail a cheapadh fiú dá mbeidís ag obair as láimh a chéile.'

قُلْ لَئِنِ اجْتَمَعَتِ الْإِنْسُ وَالْجِنُّ عَلَىٰ أَن يَأْتُوا بِمِثْلِ هَٰذَا  
الْقُرْءَانِ لَا يَأْتُونَ بِمِثْلِهِ وَلَوْ كَانَتْ بَعْضُهُمْ لِبَعْضٍ

ظَهِيرًا ﴿٨٩﴾



90. Agus go dearfa, tá an uile chineál samhlaoid curtha i láthair an chine daonna againn i mbealaí éagsúla sa Qur'án seo, ach shéanfadh bunáite na bhfear gach uile shórt seachas an díchreideamh.

Caibidil 17:89-90.

22. Dá seolfaimis an Qur'án seo anuas ar shlaibh againn, is cinnte go n-ísleofaí agus scriosfaí é le scáth roimh Allah. Agus is samhlaoidí iad seo a chuireann muid i láthair an chine daonna ionas go mbeidh ábhar nachnaimh acu.

Caibidil 28:22.

18. Ar féidir leisean a bheith bréagach, mar sin, a bhfuil fíorfhianaise faighte óna Thiarna aige, a bhfuil finné curtha ina dhiaidh ag a Thiarna le fianaise a thabhairt ar a iontaofacht, agus a raibh leabhar Mhaois ar treoir agus grásta é ann roimhe. Creideann siadsan a dhéanann machnamh ar na nithe seo iontu, agus cibé cén duine den fhreasúra nach gcreideann iontu sí an tine a bheidh roimhe sa saol eile. Dá bhrí sin ná bíodh aon amhras ort ian thaobh. Go dearfa sí an fhírinne atá agat ó do Thiarna; ach tá bunáite na bhfear gan chreideamh.

Caibidil 11:18.

93. Agus tá an Leabhar seo a thugamar chun solais lán le grásta, lenar tháinig roimhe a chomhlíonadh, ionas go mbeadh ar do chumas foláireamh a thabhairt don phríomhchathair agus dóibh siúd thart uirthi.

Caibidil 6:93.

5. Thug Mé bhur gcreideamh chun foirfeachta díbh agus thug Mé chun críche an chomaoin a bhí socraithe agam agus is é Ioslam atá beartaithe agam mar reiligiúin daoibh.

Caibidil 5:4

وَلَقَدْ صَرَّفْنَا لِلنَّاسِ فِي هَذَا الْقُرْآنِ مِنْ كُلِّ مَثَلٍ فَأَبَى

أَكْثَرُ النَّاسِ إِلَّا كُفُورًا ﴿٩٠﴾

نبی اسرائیل: ۸۹ - ۹۰

لَوْ أَنْزَلْنَاهُ هَذَا الْقُرْآنَ عَلَى جَبَلٍ لَرَأَيْتَهُ خَشِيعًا

مُتَصَدِّعًا مِنْ خَشْيَةِ اللَّهِ وَتِلْكَ الْأَمْثَلُ

نَضْرِبُهَا لِلنَّاسِ لَعَلَّهُمْ يَتَفَكَّرُونَ ﴿٢٧﴾

الحشر: ۲۲

أَفَمَنْ كَانَ عَلَى بَيْنَةٍ مِنْ رَبِّهِ وَيَتْلُوهُ شَاهِدٌ مِنْهُ

وَمِنْ قَبْلِهِ كُنتَ مُوسَى إِمَامًا وَرَحْمَةً أُولَئِكَ

يُؤْمِنُونَ بِهِ. وَمَنْ يَكْفُرْ بِهِ. مِنَ الْأَحْزَابِ فَالنَّارُ

مَوْعِدُهُ فَلَا تَكُ فِي مِرْيَةٍ مِنْهُ إِنَّهُ الْحَقُّ مِنْ رَبِّكَ

وَلَكِنَّ أَكْثَرُ النَّاسِ لَا يُؤْمِنُونَ ﴿١٨﴾

هود: ۱۸

وَهَذَا كِتَابٌ أَنْزَلْنَاهُ مَبَارَكٌ مُصَدِّقٌ لِّذِي بَيْنَ

يَدَيْهِ وَلِيُنذِرَ أُمَّ الْقُرَى وَمَنْ حَوْلَهَا

الأعام: ۹۳

الْيَوْمِ أَكْمَلْتُ لَكُمْ دِينَكُمْ وَأَتْمَمْتُ عَلَيْكُمْ نِعْمَتِي

وَرَضِيْتُ لَكُمْ الْإِسْلَامَ دِينًا

المائدة: ۴

## AN QURAN BEANNAITHE

---

156. Agus is Leabhar é seo a Chuireamar síos chugaibh; tá sé lán de bheannachtaí. Mar sin déan mar a threoraítear ann agus seachain an peaca chun go dtuillfidh sibh trócaire. Caibidil 6:156.

83. Agus 'de réir a chéile' táimid ag léiriú sa Quran tréithe a bhfuil bua an leighis agus bua na trócaire do na creidmhigh iontu; agus 'sé 'n toradh atá air ná go gcuireann sé le heasnamh na bpeacach. Caibidil 17:83.

وَهَذَا كِتَابٌ أَنْزَلْنَاهُ مَبْرُوكٌ فَاتَّبِعُوهُ وَاتَّقُوا لَعَلَّكُمْ تُرْحَمُونَ ﴿١٥٦﴾

الأنعام: ١٥٦

وَنُنَزِّلُ مِنَ الْقُرْآنِ مَا هُوَ شِفَاءٌ وَرَحْمَةٌ لِّلْمُؤْمِنِينَ وَلَا يَزِيدُ الظَّالِمِينَ إِلَّا خَسَارًا ﴿٨٣﴾

بنی اسرائیل: ٨٣

## 4.

# NA FÁITHE

Dearbhaíonn an Quran Beannaithe go bhfuil treoir tugtha ag Allah do gach cine, agus dá réir dearbhaíonn sé fírinne agus fíréantacht gach ceann de na fáithe. Chun go dtreorófaí ciníocha ar leith chuig Allah ag amanna ar leith in imeacht na staire, cuireadh fáithe chucu. Bhí an Fáidh Beannaithe ar an bhfáidh deireannach a bhéarfadh dlithe chugainn agus dá réir sin sáraíonn teachtaireacht Islam gach uile scriptiúr go dtí seo chomh maith len iad a thabhairt san áireamh. Leantar de nós na tairngreachta, ach é seo in Islam amháin; tagann fáithe chun solais anois chun teagasc an Fháidh Bheannaithe a athléiriú agus ní chun dlithe nua a nochtadh.

Ní hamháin go bhfuil cur síos déanta sa Quran Beannaithe ar an ngné dearfach de nós na tairngreachta; léiríonn sé freisin nádúr an dúshláin a tugadh do na fáithe a bheith ann. Is é Fáró an tsamhail sa Quran de na fórsaí a sheasann in aghaidh gach fáidh.

---

76. Roghnaíonn Allah a chuid Teachtaireí as cuideachta na n-aingeal agus na bhfear. Is É Allah go deimhin an té ar féidir leis gach rud a chloisteáil agus a fheiceáil.  
Caibidil 22:76.

اللَّهُ يَصْطَفِي مِنَ الْمَلَائِكَةِ رُسُلًا وَيَرَى  
النَّاسَ إِنَّ رَبَّ اللَّهَ سَمِيعٌ بَصِيرٌ ﴿٧٦﴾  
الحج : ٧٦

37. Agus thógamar Teachtaire i measc gach pobail, a thabharfadh an teagasc seo uaidh: 'Adhraigí Allah agus fanaigí glan ar an mac mallachtan.' Agus ina measc siúd bhí daoine ar chuir Allah comhairle orthu agus bhí daoine eile a thuill drochchríoch. Gluais tríd an domhan mar sin, agus féach ar an deireadh a bhí leo siúd a chuir éitheach ar na Fáithe!  
Caibidil 16:37.

وَلَقَدْ بَعَثْنَا فِي كُلِّ أُمَّةٍ رَسُولًا أَنِ اعْبُدُوا  
اللَّهَ وَاجْتَنِبُوا الطَّاغُوتَ فَمِنْهُمْ مَن هَدَى اللَّهُ  
وَمِنْهُمْ مَن حَقَّتْ عَلَيْهِ الضَّلَالَةُ فَسِيرُوا فِي  
الْأَرْضِ فَانظُرُوا كَيْفَ كَانَ عَاقِبَةُ  
الْمُكْذِبِينَ ﴿٣٧﴾ النحل : ٣٧

31. Agus nuair a dúirt bhur dTiarna leis na haingil: ‘tá Mé ar tí ionadaí a cheapadh don domhan,’ d’fhiafraigh siad: ‘An gceapfaidh Tú duine a tharraingeodh círéib agus a dhoirtfeadh fuil? — agus tugaimid glóir duit agus muid do do mholadh agus tugaimid ardmholadh do do chuid naofachta.’ D’fhreagair sé: ‘Is eol domsa rudaí nach eol daoibhse.’  
Caibidil 2:31.

164. Tá léargas ar an bhfrinne tugtha againn daoibh go deimhin, faoi mar a thugamar léargas do Naoi agus do na Fáithe a tháinig ina dhiaidh; agus thugamar léargas d’Abrahám agus d’Ísmáel agus d’Íosac agus d’Iacob agus dá shliocht agus d’Íosa agus d’Íob agus d’Íona agus d’Araon agus do Sholamh, agus thugamar Leabhar do Dháibhí.

165. Agus chuireamar Teachtaireí chugaibh a luamar cheana libh, agus chuireamar Teachtaireí chugaibh nár luamar libh — agus labhair Allah le Maois go háithrid.

125. Agus cuimhnigí ar an uair ar thástáil a Thiarna Abrahám leis na dualgaisí áirithe a chuir Sé air agus cuimhnigí gur chomhlíon sé chuile cheann acu. Dúirt Sé, ‘Déanfaidh Mé Ceannaire díot ar an fir.’ D’fhiafraigh Abrahám, ‘Agus céad faoi mo shliocht?’ Dúirt Sé, ‘Ní áirím peacaigh sa mhargadh.’  
Caibidil 2:125.

88. Agus, le frinne, thugamar an Leabhar do Mhaois agus cheapamar Teachtaireí lena bheith i gcomharbas air; agus thugamar solaoid fhollasach d’Íosa, mac Mhuire, agus neartaíomar é le Spiorad na naofachta. Agus an mbeidh sibh stuacach i gcónaí agus an gcuirfidh sibh éitheach ar chuid díobh agus an maróidh sibh cuid eile díobh chuile uair a chuirfear teachtaire in bhur láthair le fógra nach dtaithníonn uaibh?  
Caibidil 2:88.

وَإِذْ قَالَ رَبُّكَ لِلْمَلَائِكَةِ إِنِّي جَاعِلٌ فِي الْأَرْضِ خَلِيفَةً قَالُوا أَتَجْعَلُ فِيهَا مَنْ يُفْسِدُ فِيهَا وَيَسْفِكُ الدِّمَاءَ وَنَحْنُ نُسَبِّحُ بِحَمْدِكَ وَنُقَدِّسُ لَكَ قَالَ إِنِّي أَعْلَمُ مَا لَا تَعْلَمُونَ ﴿٣١﴾  
البقرة: ٣١

إِنَّا أَوْحَيْنَا إِلَيْكَ كَمَا أَوْحَيْنَا إِلَى نُوحٍ وَالنَّبِيِّينَ مِنْ بَعْدِهِ وَأَوْحَيْنَا إِلَى إِبْرَاهِيمَ وَإِسْمَاعِيلَ وَإِسْحَاقَ وَيَعْقُوبَ وَالْأَسْبَاطِ وَعِيسَى وَأَيُّوبَ وَيُوسُفَ وَهَارُونَ وَسُلَيْمَانَ وَءَاتَيْنَا دَاوُدَ زَبُورًا ﴿١٦٤﴾

وَرُسُلًا قَدْ فَصَّصْنَاهُمْ عَلَيْكَ مِنْ قَبْلُ وَرُسُلًا لَمْ نَقْضُصْهُمْ عَلَيْكَ وَكَلَّمَ اللَّهُ مُوسَى تَكْلِيمًا ﴿١٦٥﴾  
النساء: ١٦٤ - ١٦٥

وَإِذْ ابْتَلَى إِبْرَاهِيمَ رَبُّهُ بِكَلِمَاتٍ فَأَتَمَّهُنَّ قَالَ إِنِّي جَاعِلُكَ لِلنَّاسِ إِمَامًا قَالَ وَمِنْ ذُرِّيَّتِي قَالَ لَا يَنَالُ عَهْدِي الظَّالِمِينَ ﴿١٢٥﴾  
البقرة: ١٢٥

وَلَقَدْ آتَيْنَا مُوسَى الْكِتَابَ وَقَفَّيْنَا مِنْ بَعْدِهِ بِالرُّسُلِ وَءَاتَيْنَا عِيسَى ابْنَ مَرْيَمَ الْبَيْتَ وَأَيَّدْنَاهُ بِرُوحِ الْقُدُسِ أَفَكُلَّمَا جَاءَكُمْ رَسُولٌ بِمَا لَا تَهْوَى أَنْفُسُكُمْ اسْتَكْبَرْتُمْ فَفَرِيقًا كَذَّبْتُمْ وَفَرِيقًا تَقْتُلُونَ ﴿٨٨﴾  
البقرة: ٨٨

91. Agus, thugamar clanna Iosrael trasna na farraige; agus lean Phaoroh agus a shluaite go díocasach, cealgach iad go dtí gur tháinig an mí-ádh de bhá aniar aduaidh air agus go ndúirt sé: ‘Creidimse nach bhfuil aon Dia eile ann ach É siúd a gcreideann clanna Iosrael ann, agus tá mise ar dhuine de na daoine a ghéilleann dó.’

وَجَوْرًا بَنِي إِسْرَائِيلَ بِالْبَحْرِ فَأَنْبَعَهُمْ فِرْعَوْنُ  
وَجُنُودَهُ بَعِيًّا وَعَدُوًّا حَتَّىٰ إِذَا أَدْرَكَهُ الْعَرْقُ قَالَ  
ءَاَمَنْتُ أَنَّهُ لَا إِلَهَ إِلَّا الَّذِي ءَاَمَنْتُ بِهِ بَنُو إِسْرَائِيلَ وَأَنَا  
مِنَ الْمُسْلِمِينَ ﴿١١﴾

92. Céard! Ag an tráth seo! Nuair a bhí tú easumhal roimhe seo agus ar dhuine de na daoine a tharraingeodh círibh.

ءَاَلْتَنَنَ وَقَدْ عَصَيْتَ قَبْلُ وَكُنْتَ مِنَ  
الْمُفْسِدِينَ ﴿١٢﴾

93. Agus ar an lá seo tabharfaimid slánú do choirp amháin duit ionas go mbeidh tú mar sholaoid dóibh siúd a thagann i do dhiaidh. Agus, go deimhin, tá go leor den chine daonna dall ar ár gcuid Solaoidí. Caibidil 10:91-93.

فَالْيَوْمَ نُنَجِّيكَ بِدَنِكَ لِتَكُونَ لِمَنْ خَلَقَكَ ءَايَةً  
وَإِنْ كَثِيرًا مِّنَ النَّاسِ عَنِ ءَايِنِنَا لَغٰفِلُونَ ﴿١٣﴾  
يونس: ٩١ - ٩٣

17. Agus tugaigí insint ar scéal Mhuire mar atá luaite sa Leabhar. Nuair a d’fhág sí a cine chun dul go dtí an Oirthear.

وَأَذْكُرُ فِي الْكِتَابِ مَرْيَمَ إِذِ انْتَبَدَتْ مِنْ أَهْلِهَا  
مَكَانًا شَرْقِيًّا ﴿١٧﴾

18. Agus nuair a chuaigh sí i leataobh uathu, agus chuireamar ár n-aingeal chuici ansin, agus go dtáinig sé ina láthair i bhfoirm fhir fhoirfe.

فَاتَّخَذَتْ مِنْ دُونِهِمْ حِجَابًا فَأَرْسَلْنَا إِلَيْهَا رُوحَنَا  
فَتَمَثَّلَ لَهَا بَشَرًا سَوِيًّا ﴿١٨﴾

19. Dúirt sí: ‘Iarraimse coimirce ón Dia Grástúil uait más fíor go bhfuil scáth ort roimhe.’

قَالَتْ إِنِّي أَعُوذُ بِالرَّحْمٰنِ مِنْكَ إِنْ كُنْتَ تَقِيًّا ﴿١٩﴾

20. D’fhreagair sé: ‘Níl ionamsa ach Teachtaire ó do Thiarna, ionas go mbronnfaidh mé ort mac cráifeach.

قَالَ إِنَّمَا أَنَا رَسُولُ رَبِّكِ لِأَهَبَ لَكِ غُلٰمًا  
زَكِيًّا ﴿٢٠﴾

21. Dúirt sí: ‘Cén chaoi ar féidir liom mac a bheith agam nuair nár theagmhaigh aon fhear riamh liom, agus nuair nár chleacht mé riamh ach geanmnaíocht?’

قَالَتْ أَنَّىٰ يَكُونُ لِي غُلٰمٌ وَلَمْ يَمَسِّنِي بَشَرٌ وَلَمْ  
أَكْبَغِيًّا ﴿٢١﴾

22. D'fhreagair sé: 'Is amhalidh atá sé.' Ach, deir do Thiarna: 'Is rud é atá ordaithe, agus is furasta domsa é a dhéanamh; agus déanfaimid amhlaidh ionas go mbeidh sé ina Sholaoid ag an gcine daonna, agus ina ghníomh trócaire uainne.'

قَالَ كَذَلِكَ قَالَ رَبُّكَ هُوَ عَلَيَّ هَيِّنٌ وَلِنَجْعَلَهُ آيَةً لِّلنَّاسِ وَرَحْمَةً مِنَّا وَكَانَ أَمْرًا مَّقْضِيًّا ﴿٢٢﴾

23. Agus gineadh inti é, agus chuaigh sí go háit iargúlta leis.'

فَحَمَلَتْهُ فَانْتَبَدَّتْ بِهِ ۖ مَكَانًا قَفِصِيًّا ﴿٢٣﴾

24. Agus chuir tinneas clainne anonn chuig tamhan crann pailme í. Agus dúirt sí: 'Ó! Faraoir nár cailleadh roimhe seo mé agus mé a bheith imithe ó chuimhne!'

فَأَجَاءَهَا الْمَخَاضُ إِلَىٰ جِذْعِ النَّخْلَةِ قَالَتْ يَلَيْتَنِي مِتُّ قَبْلَ هَذَا وَكُنْتُ نَسِيًّا مَّسِيًّا ﴿٢٤﴾

25. Ansin ghlaoigh Sé aníos uirthi, á rá: "Ná bíodh brón ort. Tá sruthlán curtha ag do Thiarna faoi do chois.

فَنَادَاهَا مِن تَحْتِهَا أَلَّا تَحْزَنِي قَدْ جَعَلَ رَبُّكِ تَحْتَكِ سَرِيًّا ﴿٢٥﴾

26. "Tarraing tamhan an chrainn phailme anall chugat féin; agus cuirfidh sé dátaí úra, aibí ag sileadh anuas os do chionn.

وَهَزَىٰ بِإِصْبَعِكَ جِذْعَ النَّخْلَةِ تُسْقِطُ عَلَيْكَ رَطَبًا جَنِيًّا ﴿٢٦﴾

27. "Bí ag ithe agus ag ól leat, agus fuaraigh do shúil. Agus má fheiceann tú aon duine, abair leis: 'Tá móid tugtha agam go ndéanfainn troscadh don Tiarna; dá bhrí sin ní labhróidh mé le haon duine beo inniu.'"

فَكُلِي وَاشْرَبِي وَقَرِّي عَيْنًا ۖ فَأِمَّا تَرِينَ مِن الْبَشَرِ أَلِئذَا قُلْتُ إِنِّي نَذَرْتُ لِلرَّحْمَنِ صَوْمًا فَلَنَأْكُلَنَّهُ يَوْمَ أُنْسِيًّا ﴿٢٧﴾

28. Ansin thug sí i lafhair a cine é ar bhacán a láimhe. Dúradar léi: 'Ó, a Mhuire, is iontach an rud atá tugtha ar an saol agat.

فَأْتَتْ بِهِ قَوْمَهَا تَحْمِلُهُ ۖ قَالُوا لِمَ رِمْتَهُ لَقَدْ جِئْتِ شَيْئًا فَرِيًّا ﴿٢٨﴾

29. 'Ó, a dheirfiúr Aaron, is fear ionraic a bhí i d'athair agus bean gheanmnach a bhí i do mháthair!'

يَتَأَخَذَ هَرُونَ مَا كَانَ أَبُوكَ أَمْرًا سَوِيًّا وَمَا كُنْتَ أُمًّاكَ بَعِيًّا ﴿٢٩﴾

30. Ansin shín sí méar ina threo. Dúirt siad: 'Cén chaoi ar féidir linn labhairt le duine nach bhfuil ann ach naíonán i gcliabhán?'

فَأَشَارَتْ إِلَيْهِ قَالُوا كَيْفَ نُكَلِّمُ مَنْ كَانَ فِي الْمَهْدِ صَبِيًّا ﴿٣٠﴾

31. Dúirt sé: 'Is mise searbhónta Allah. Agus tá an Leabhar tugtha dom aige, agus Fáidh déanta d'fom aige.

قَالَ إِنِّي عَبْدُ اللَّهِ ۖ آتَنِي الْكِتَابَ وَجَعَلَنِي نَبِيًّا ﴿٣١﴾

## NA FÁITHE

32. ‘Agus tá a bheannacht liom is cuma cá mbeidh mé, agus mhol Sé dom guimhe agus carthanacht a dhéanamh an fhad a mhairfidh mé.

33. ‘Agus rinne Sé umhal do mo mháthair mé, agus ní dhearna Sé stuacach ná mallaithe mé.

34. ‘Agus bhí síocháin liom an lá ar saolaíodh mé, agus beidh síocháin liom ar lá mo bháis, agus an lá sin a dtógfar chun na beatha an athuair mé.

35. Is amhlaidh a bhí Íosa mac Mhuire. Is ráiteas é seo ar an bhfírinne a mbíonn amhras orthu faoi.

Caibidil 19:17-35.

82. Agus cuimhnig ar an uair a ndearna Allah margadh leis na daoine tré na Fáithe, agus É á rá: ‘Cibé cuid den Leabhar nó den Fhios a roinnfidh Mé libh, nuair a thiocfaidh Teachtaire in bhur measc, ag comhlíonadh a bhfuil ar eolas agaibh, creidigí ann agus cuidigí leis.’ Agus dúirt Sé: ‘An bhfuil sibh toilteanach agus an nglacann sibh leis an bhfreagracht atá Mé a chur oraibh sa chúram seo?’ Dúirt siad: ‘Táimid toilteanach;’ Agus dúirt Seisean, ‘Bíigí mar fhinnéithe mar sin, agus beidh Mise ar dhuine de na finnithe in bhur gcuideachta.’

Caibidil 3:82.

8. Agus an duine a thabharfaidh cúl leis ina dhiaidh seo is peacach atá ann, go deimhin. Tugaigí chun cuimhne an uair a ndearnamar margadh speisialta leis na Fáithe, agus leatsa, agus le Naoi, agus le hAbrahám, agus le Maois, agus le hÍosa mac Mhuire; agus rinneamar margadh speisialta leo.

Caibidil 33:8.

وَجَعَلَنِي مَبَارَكًا إِنَّ مَا كُنْتُ وَأَوْصَنِي بِالصَّلَاةِ

وَالزَّكَاةَ مَا دُمْتُ حَيًّا ﴿٣٧﴾

وَبِرَّأِبَوَالِدِي وَلَمْ يَجْعَلَنِي جَبَّارًا شَقِيًّا ﴿٣٨﴾

وَالسَّلَامَ عَلَيَّ يَوْمَ وُلِدْتُ وَيَوْمَ أَمُوتُ وَيَوْمَ أُبْعَثُ

حَيًّا ﴿٣٩﴾

ذَلِكَ عِيسَى ابْنُ مَرْيَمَ قَوْلَ الْحَقِّ الَّذِي فِيهِ

يَمْتَرُونَ ﴿٤٥﴾ مريم: ١٧ - ٣٥

وَإِذْ أَخَذَ اللَّهُ مِيثَاقَ النَّبِيِّينَ لَمَاءَ آتَيْتُكُمْ

مِنْ كِتَابٍ وَحِكْمَةٍ ثُمَّ جَاءَكُمْ رَسُولٌ

مُصَدِّقٌ لِمَا مَعَكُمْ لَتُؤْمِنُنَّ بِهِءَ وَلَتَنْصُرُنَّهُ قَالَ

أَقْرَرْتُمْ وَأَخَذْتُمْ عَلَىٰ ذَٰلِكُمْ إِصْرِي قَالُوا

أَقْرَرْنَا قَالَ فَاشْهَدُوا وَأَنَا مَعَكُمْ مِنَ

الشَّاهِدِينَ ﴿٨٢﴾

آل عمران: ٨٢

وَإِذْ أَخَذْنَا مِنَ النَّبِيِّينَ مِيثَاقَهُمْ وَمِنكَ وَمِنْ نُوْحٍ

وَإِبْرَاهِيمَ وَمُوسَىٰ وَعِيسَىٰ ابْنِ مَرْيَمَ وَأَخَذْنَا مِنْهُم مِّيثَاقًا

عَلَيْطًا ﴿٨﴾

الأحزاب: ٨

## 5.

# FÁIDH BEANNAITHE ISLAM

Rugadh an Fáidh i Mecca, i Lúnasa na bliana 570 A.D. Tugadh Muhammad air, ainm a chiallaíonn ‘an té atá molta’. Nuair a bhí tríocha bliana d’aois sáraithe ag an bhFáidh d’éirigh sé gafa ar fad le grá do Dhia. Agus é ag seasamh go tréan in aghaidh an ildiachais agus in aghaidh an iliomad duáilcí a chleachtaigh muintir Mecca, chinn sé go minic machnamh a dhéanamh i bpluais a bhí dhá nó trí mhíle slí uaidh. Nuair a bhí an dá scór bainte amach aige tháinig a chéad léiriú chuige. Ins na céad véarsaí seo den Quran (96:2-6) d’ordaigh sé dúinn ainm an Fhíor-Dé, cruthaitheoir an duine, a chuir síol a ghrá féin agus grá a chomhduine, a fhógairt; agus tairngríodh go múinfi gach sórt eolais don domhan seo tré mheán an phinn. Is gearrinsint den Quran iad na véarsaí seo.

46. Is Tú, a Fháidh atá curtha chun bealaigh againn le fianaise a thabhairt, leis an dea-scéal a chraobhscaoileadh agus leis an bhfoláireamh a thabhairt.

يَا أَيُّهَا النَّبِيُّ إِنَّا أَرْسَلْنَاكَ شَهِيدًا وَمُبَشِّرًا  
وَنَذِيرًا ﴿٤٦﴾

47. Agus chun a bheith mar Thimire ag Allah faoi mar a d’ordaigh Sé féin é, agus lena bheith i do laindéar ag tabhairt lóchrann geal uait.

وَدَاعِيًا إِلَى اللَّهِ بِإِذْنِهِ وَسِرَاجًا مُنِيرًا ﴿٤٧﴾

48. Agus scaip an scéal i measc na greidmheach, go ndáilfidh Allah bronntanais iontacha orthu.

وَبَشِّرِ الْمُؤْمِنِينَ بِأَنَّ لَهُمْ مِنَ اللَّهِ فَضْلًا كَبِيرًا ﴿٤٨﴾

Caibidil 33:46-48.

الأحزاب: ٤٦ - ٤٨

159. Abraigí: ‘A chine dhaonna, is mise go deimhin, an Teachtaire atá agaibh go léir ó Allah, ar leis ríocht na bhflaitheas agus an domhain. Níl aon Dia eile ann ach É. Is É

قُلْ يَا أَيُّهَا النَّاسُ إِنِّي رَسُولُ اللَّهِ إِلَيْكُمْ  
جَمِيعًا الَّذِي لَهُ مُلْكُ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ



## FÁIDH BEANNAITHE ISLAM

bronntóir na beatha agus tionscnóir an bháis É. Creidigí mar sin in Allah agus ina Theachtaire, an Fáidh agus an té atá gan smál, a chreideann in Allah agus ina bhriathra; agus leanaigí é go dtreorófar ar an mbealach ceart sibh. Caibidil 7:159.

لَا إِلَهَ إِلَّا أَهْوِيحَىٰ. وَبَشِيرٌ فَمَا مَوُأَبَ اللَّهِ وَرَسُولِهِ  
النَّبِيِّ الْأُمِّيِّ الَّذِي يُؤْمِنُ بِاللَّهِ  
وَكَلامَتِهِ. وَأَتَّبِعُوهُ لَعَلَّكُمْ  
تَهْتَدُونَ ﴿١٥٩﴾

الأعراف: ١٥٩

29. Agus ní mar chraobhscaoitleoir an deáscéil amháin ná mar dhuine a chuirfeadh foláireamh ar an gcine daonna amháin a chuireamar ann tú, ach níl a fhios sin ag bunáite na bhfear. Caibidil 34:29.

وَمَا أَرْسَلْنَاكَ إِلَّا كَافَّةً لِّلنَّاسِ بَشِيرًا وَنَذِيرًا  
وَلَكِنَّ أَكْثَرَ النَّاسِ لَا يَعْلَمُونَ ﴿٣٤﴾

سبا: ٢٩

4. Agus is cinnte dearfach go bhfuil luach saothair gan chuimse ag dul duit.

وَإِنَّ لَكَ لَأَجْرًا غَيْرَ مَمْنُونٍ ﴿٤﴾

5. Agus go deimhin tá scoth na hardmhoráltachta agat. Caibidil 68:4-5.

وَإِنَّكَ لَعَلَىٰ خَلْقٍ عَظِيمٍ ﴿٥﴾

القلم: ٤ - ٥

41. Ní hé Muhammed athair dhuine ar bith de bhur gcuid fear, ach is é Teachtaire Allah é, agus Séala na bhFáithe; agus tá fios iomlán ag Allah ar gach aon ní. Caibidil 33:41.

مَا كَانَ مُحَمَّدٌ أَبَا أَحَدٍ مِّن رِّجَالِكُمْ وَلَكِن رَّسُولَ اللَّهِ  
وَخَاتَمَ النَّبِيِّينَ. وَكَانَ اللَّهُ بِكُلِّ شَيْءٍ عَلِيمًا ﴿٤١﴾

الأحزاب: ٤١

22. Is eiseamláir den scoth atá tugtha ag Fáidh Allah don té a bhfuil scáth aige roimh Allah agus roimh Lá an Luain agus a bhíonn i gcónaí ag cuimhneamh ar Allah. Caibidil 33:22.

لَقَدْ كَانَ لَكُمْ فِي رَسُولِ اللَّهِ أُسْوَةٌ حَسَنَةٌ لِّمَن كَانَ  
يَرْجُوا اللَّهَ وَالْيَوْمَ الْآخِرَ وَذَكَرَ اللَّهَ كَثِيرًا ﴿٢٢﴾

الأحزاب: ٢٢

57. Cuireann Allah agus a chuid aingeal a mbeannacht leis an bhFáidh. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh; ba cheart daoibh beannacht a chur leis agus beannú dó le beannacht na síochána. 33:57.

إِنَّ اللَّهَ وَمَلَائِكَتَهُ يُصَلُّونَ عَلَى النَّبِيِّ يَا أَيُّهَا الَّذِينَ  
آمَنُوا صَلُّوا عَلَيْهِ وَسَلِّمُوا تَسْلِيمًا ﴿٥٧﴾

الأحزاب: ٥٧

30. Is é Muhammed Teachtaire Allah. Agus tá an dream atá leis dian ar na díchreidmhigh agus lách lena chéile. Agus feiceann tú iad á gcromadh agus á n-íslíú féin go talamh ag déanamh guimhe, ag iarraidh grásta agus deathoil Allah a thuilleamh. Tá a rian sin ar a n-éadain, sé sin lorg na deabhóideachta. Agus sin

مُحَمَّدٌ رَسُولُ اللَّهِ وَالَّذِينَ مَعَهُ أَشِدَّاءُ عَلَى الْكُفَّارِ رَحِمًا  
بَيْنَهُمْ تَرْتَهُمُ رُكْعًا سَجْدًا يَبْتَغُونَ فَضْلًا مِّنَ اللَّهِ  
وَرِضْوَانًا سِيمَاهُمْ فِي وُجُوهِهِمْ مِّنْ أَثَرِ السُّجُودِ

## FÁIDH BEANNAITHE ISLAM

é amhlaidh an cur síos atá orthu sa Torah. De réir an tSoiscéil tá siad mar a bheadh toradh síl a phácfadh agus a bhfásfadh barr as, a chothófaí, a mbeadh gas láidir air agus dias ag borradh os a chionn — ionas go mbeadh deargchuach ar na díchreidmhigh ar a fheiceáil seo dóibh. Agus tá maithiúnas, agus luach mór saothair geallta ag Allah dóibh siúd a chreideann agus a chleachtaíonn carthanacht. Caibidil 48:30.

32. Abraigí: ‘Má tá grá agaibh d’Allah, leanaigí mé: agus ansin beidh grá ag Allah daoibh agus maithfidh sé bhur bpeacaí. Agus tá Allah lán de mhaithiúnas agus de thrócaire.’

33. Abraigí: ‘Bígí umhal d’Allah agus don Theachttaire;’ ach más amhlaidh go dtugann siad cúl libh, cuimhnigí nach bhfuil aon ghrá ag Allah do na díchreidmhigh. Caibidil 3:32-33.

68. A Theachttaire! fógair i measc na ndaoine an léargas a fuair tú ó do Thiarna; agus mura ndéanann tú seo, níl a Theachttaireacht craobhscaoilte agat. Agus cosaineoidh Allah óna fir tú. Ní chuireann Allah, go deimhin, comhairle ar na díchreidmhigh. Caibidil 5:68.

ذَلِكَ مَثَلُهُمْ فِي التَّوْرَةِ وَمَثَلُهُمْ فِي الْإِنْجِيلِ كَزَرْعٍ أَخْرَجَ شَطْأَهُمْ فَتَزَرَّهُمْ فَاسْتَحَظَطَ فَاسْتَوَىٰ عَلَىٰ سُوقِهِ يُعْجِبُ الزَّيْرَاعَ لِيُغَيِّظَ بِهِمُ الْكُفَّارَ وَعَدَّ اللَّهُ الَّذِينَ آمَنُوا وَعَمِلُوا الصَّالِحَاتِ مِنْهُمْ مَغْفِرَةً وَأَجْرًا عَظِيمًا ﴿٣٥﴾  
الفتح: ٣٥

قُلْ إِنْ كُنْتُمْ تُحِبُّونَ اللَّهَ فَاتَّبِعُونِي يُحْبِبْكُمُ اللَّهُ وَيَغْفِرْ لَكُمْ ذُنُوبَكُمْ وَاللَّهُ غَفُورٌ رَحِيمٌ ﴿٣٢﴾

قُلْ أَطِيعُوا اللَّهَ وَالرَّسُولَ فَإِنْ تَوَلَّوْا فَإِنَّ اللَّهَ لَا يُحِبُّ الْكٰفِرِينَ ﴿٣٣﴾  
آل عمران: ٣٢ - ٣٣

يَأْتِيهَا الرَّسُولُ بَلِّغْ مَا أُنزِلَ إِلَيْكَ مِنْ رَبِّكَ وَإِنْ لَمْ تَفْعَلْ فَمَا بَلَغْتَ رِسَالَتَهُ وَاللَّهُ يَعْصِمُكَ مِنَ النَّاسِ إِنَّ اللَّهَ لَا يَهْدِي الْقَوْمَ الْكٰفِرِينَ ﴿٦٨﴾

المائدة: ٦٨

## 6.

# ADHRADH

Is í an Urnaí an dara cheann de chúig bhun-chlocha Islam; is é an creideamh in aontacht Dé an chéad cheann. Is í an urnaí an meán is cumhachtaí dá bhfuil ann don duine chun go mbunódh sé agus go láidreódh sé a aontacht leis an gCruthaitheoir agus chun go bhfásadh sé níos gaire Dó. Is feiniméan fuinniúil é go gcloiseann Dia agus go bhfreagraíonn sé don urnaí. 'Sé an tuiscint Ioslamach ar an urnaí ná gurb eisiúint díreach neamhchoiscithe ó anam an phaidreóra i bhfianaise an mhórgachta Diaga é, sa chinnteacht go mbronnfar grásta agus trócaire agus cumhacht Allah orthu. I gcás an adhartha níl gá le idirghabhálaí a bheith ann idir an duine agus an Cruthaitheoir.

6. Agus níor cuireadh d'ordú orthu ach freastal ar Allah, a bheith umhal i ndáiríre dó, agus a bheith ionraic, agus a gcuid Paidreacha a rá, is an Zakāt a íoc. Agus sin é creideamh na ndaoine atá ar an mbóthar ceart. Caibidil 98:6.

وَمَا أُمِرُوا إِلَّا لِيَعْبُدُوا اللَّهَ مُخْلِصِينَ لَهُ الدِّينَ حُنَفَاءَ وَيُقِيمُوا الصَّلَاةَ وَيُؤْتُوا الزَّكَاةَ وَذَلِكَ دِينٌ الْقِيَمَةِ ﴿٦﴾

الْبَيْتَةُ : ٦

57. Agus níor chruthaigh Mé an Jinn ná na daoine ach le go n-adhróidís Mé. Caibidil 51:57.

وَمَا خَلَقْتُ الْجِنَّ وَالْإِنْسَ إِلَّا لِيَعْبُدُونِ ﴿٥٧﴾

الذَّارِبَات : ٥٧

79. Abraigí bhur bPaidreacha le dul faoi agus imeacht na gréine roimh dhorchadas na hoíche, agus déanaigí aithris ar an Qur'án le héirí na gréine. Go deimhin, is ansa le hAllah ach go háithrid aithris an Qur'án le breacadh an lae.

اقِمِ الصَّلَاةَ لِذِكْرِكِ السَّمِيسِ إِلَى غَسَقِ اللَّيْلِ وَقُرْآنَ الْفَجْرِ إِنَّ قُرْآنَ الْفَجْرِ كَانَ مَشْهُودًا ﴿٧٩﴾

80. Agus bígí in bhur suí dó sa dara leath den oíche le barr díograis. D'fhéadfadh sé tarlú go mbronnfadh an Tiarna gradam fíoruasal oraibh. Caibidil 17:79-80.

وَمِنَ اللَّيْلِ فَتَهَجَّدْ بِهِ نَافِلَةً لَكَ عَسَىٰ أَنْ يَبْعَثَكَ رَبُّكَ مَقَامًا مَّحْمُودًا ﴿٨٠﴾

بنی اسرائیل : ٧٩ - ٨٠

239. Bígí cúramach ag rá na bPaidreacha, agus an Phaidir láir, agus seasagí go humhal i láthair Allah. Caibidil 2:239.

حَفِظُوا عَلَى الصَّلَوَاتِ وَالصَّلَاةِ الْوُسْطَىٰ وَقُومُوا لِلَّهِ قَانِتِينَ ﴿٢٣٩﴾

البقرة : ٢٣٩

## 7.

# TROSCADH

Tá sé leagtha síos sa Quran Beannaithe go ndéanfar troscadh ó éirí go luí na gréine le linn na míosa gealaí de Ramadhan. Is disciplín é a chuireann leis an bhfíríantacht agus a chuireann níos mó ar fáil do té a lorga, an teacht ar airde spioradálta. Is eol don té atá ar throscadh an flúirseacht Diaga a bheith ann agus cuireann an troscadh lena n-úsáid chun leasa.

184. Agus sibh a bhfuil creideamh agaibh, moltar daoibh troscadh, mar a moltaí dóibh siúd a tháinig romhaibh, ionas go ndéanfar díbh daoine cráifeacha.

يَا أَيُّهَا الَّذِينَ آمَنُوا كُتِبَ عَلَيْكُمُ الصِّيَامُ  
كَمَا كُتِبَ عَلَى الَّذِينَ مِن قَبْلِكُمْ  
لَعَلَّكُمْ تَتَّقُونَ ﴿١٨٤﴾

185. Tá líon áithrid laethanta leagtha síos le haghaidh an troscaidh, ach duine ar bith agaibh atá tinn nó ar thuras, déanfaidh sé troscadh don líon céanna laethanta nuair a bheidh an deis aige; agus ar mhaithe leo siúd ar ar éigin a bheidís in ann troscadh a dhéanamh d'fhéadfaidís ina áit fear bocht a chothú i gcaitheamh na tréimhse céanna. Agus an duine seo a dhéanfadh an gníomh carthanachta le dea-chroí, is amhlaidh is fearr dó féin é. Agus tá troscadh go maith agaibh dá mbeadh a fhios agaibh é.

أَيَّامًا مَّعْدُودَاتٍ فَمَن كَانَ مِنكُم مَّرِيضًا أَوْ عَلَى سَفَرٍ فَعِدَّةٌ مِّنْ أَيَّامٍ أُخَرَ  
وَعَلَى الَّذِينَ يُطِيقُونَهُ فِدْيَةٌ طَعَامُ  
مِسْكِينٍ فَمَن تَطَوَّعَ خَيْرًا فَهُوَ خَيْرٌ لَّهُ وَأَن  
تَصُومُوا خَيْرٌ لَّكُمْ إِن كُنتُمْ تَعْلَمُونَ ﴿١٨٥﴾

Caibidil 2:184-185.

البقرة: ١٨٤ - ١٨٥

## 8.

# CAITEACHAS FAOI RIAIL ALLAH

Léirítear ciall na cánach caipitile atá leagtha síos sa Quran Beannaithe san ainm féin i.e. Zakat. 'Sé is ciall leis an ainm ná é sin a ghlanann agus a chothaíonn. Tré chuid an phobail a bhaint den mhaoin iomlán, glantar an chuid eile den mhaoin dóibh siúd a bhéas á úsáid; agus tré úsáid an fháltais do leas an tsochaí, cothaítear leas an phobail. Tá an Zakat ar an tríú bhun-chloch de Islam agus dá réir sin léiríonn sé an tábhacht a leagtar ar chomrádaithe daonna in Islam.

44. Agus déanaigí guibhe agus fócaigí an Zakât, agus cromagí in éineacht leo siúd a chromann.  
Caibidil 2:44.

وَأَقِيمُوا الصَّلَاةَ وَآتُوا الزَّكَاةَ وَارْكَعُوا مَعَ الرَّاكِعِينَ ﴿٤٤﴾

البقرة: ٤٤

39. Tabhair a chion féin mar sin don duine atá muinteartha leat, agus don duine atá ar an gcaolchuid is don fhear siúil. Sin é an rud is fearr dóibh siúd a dhéanamh atá ag iarraidh Allah a shásamh, agus sin iad an dream a n-éireoidh leo ar deireadh.  
Caibidil 30:39.

فَعَابَ ذَا الْقُرْبَىٰ حَقَّهُ وَالْمِسْكِينَ وَابْنَ السَّبِيلِ ذَٰلِكَ خَيْرٌ لِلَّذِينَ يُرِيدُونَ وَجْهَ اللَّهِ وَأُولَٰئِكَ هُمُ الْمُفْلِحُونَ ﴿٣٩﴾

الروم: ٣٩

20. Agus chuir siad roinnt ar leataboh as an stór a bhí acu don té a d'iarrfadh cúnamh orthu agus don té nach mbeadh ábalta é a iarraidh.  
Caibidil 51:20.

وَفِي أَمْوَالِهِمْ حَقٌّ لِّلسَّائِلِ وَالْمَحْرُومِ ﴿٢٠﴾

الذاريات: ٢٠

25. Agus tá an ceart sin ag dul don té a iarrann agus don té nach n-iarrann cúnamh.

وَالَّذِينَ فِي أَمْوَالِهِمْ حَقٌّ مَّعْلُومٌ ﴿٢٥﴾

26. A chion féin a fháil ón saibhreas sin.  
Caibidil 70:25-26.

لِّلسَّائِلِ وَالْمَحْرُومِ ﴿٢٦﴾

المعارج: ٢٥ - ٢٦

60. Cuirtear déirce ar fáil do na boicht agus dóibh siúd atá ar an gcaolchuid, agus dóibh siúd a bhíonn ag plé leo, agus dóibh siúd a bhfuil athmhuintearas le déanamh eatarthu, le haghaidh braighdeanas sclábhaithe a fhuascailt ón daorise, agus dóibh siúd a bhfuil fiacha orthu agus ar son Allah, agus don fhear siúil — sin é ordú Allah. Agus is é Allah atá uilefheasach, gaoiseach.

Caibidil 9:60.

255. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, caithigí a bhfuair sibh uainn sula dtagann an lá nach mbeidh tuilleadh ceannacht ná díol, ná cairdeas ná idirghuí ann. Agus an dream nach nglacann leis an gcomhairle seo is iad atá ag déanamh éagóir orthu féin.

Caibidil 2:255.

263. Is amhlaidh atá an dream a chaitheann a gcuid saibhris ar son Allah mar a bheadh gráinne coirce ann, ar a bhfásann seacht ndias, agus céad gráinne i ngach aon dias. Chuirfeadh Allah tuilleadh lena chois seo d'aon duine ar mhian leis é. Tá Allah ina Thiarna ar stór iontach saibhris, agus Eisean an Té a bhfuil gach uile eolas aige. An dream úd a chaitheann a gcuid airgid ar son Allah, agus nach mbeadh ag gortú ná ag caitheamh anuas ar dhuine ar bih ina dhiaidh sin, beidh a luach acu ón dTiarna. Ní bheidh aon scáth ná brón orthu.

266. Is amhlaidh atá an dream a chaitheann a gcuid saibhris ag iarraidh Allah a shásamh agus lón anama a dhéanamh dóibh féin mar a bheadh garraí ar ardán, a dtitfeadh báisteach throm air, sa gcaoi agus go dtiocfadh a dhá oiread fáis faoi. Agus fiú mura dtitfeadh báisteach throm féin, ba leor mór éadrom. Feiceann Allah go ríshoiléir an rud a bhíonn ar siúl agat.

275. An dream a chaitheann a gcuid airgid de ló agus d'óiche, faoi rún agus os comhair an tsaoil, ar son Allah, tá a luach acu óna dTiarna; ní bheidh aon scáth ná brón orthu.

Caibidil 2:263,266,275.

إِنَّمَا الصَّدَقَتُ لِلْفُقَرَاءِ وَالْمَسْكِينِ وَالْعَمِلِينَ  
عَلَيْهَا وَالْمَوْلَةَ فَلَوْ لَهُمْ فِي الرِّقَابِ وَالْعَرَمِينَ  
وَفِي سَبِيلِ اللَّهِ وَأَيْنَ السَّبِيلِ فَرِيضَةٌ مِنَ اللَّهِ  
وَاللَّهُ عَلِيمٌ حَكِيمٌ ﴿٦٠﴾

التوبة: ٦٠

يَتَّيُّهَا الَّذِينَ ءَامَنُوا أَنْفِقُوا مِمَّا رَزَقْنَاكُمْ مِنْ قَبْلِ  
أَنْ يَأْتِيَكُمُ يَوْمَ لَابِئْسَ فِيهِ وَلَا خَلَّةٌ وَلَا شَفَعَةٌ  
وَالْكَافِرُونَ هُمُ الظَّالِمُونَ ﴿٢٥٥﴾

البقرة: ٢٥٥

الَّذِينَ يُنْفِقُونَ أَمْوَالَهُمْ فِي سَبِيلِ اللَّهِ ثُمَّ  
لَا يَتَّبِعُونَ مَا أَنْفَقُوا مَنًّا وَلَا أَذَى لَهُمْ  
أَجْرُهُمْ عِنْدَ رَبِّهِمْ وَلَا خَوْفٌ عَلَيْهِمْ  
وَلَا هُمْ يَحْزَنُونَ ﴿٢٦٣﴾

البقرة: ٢٦٣

وَمِثْلُ الَّذِينَ يُنْفِقُونَ أَمْوَالَهُمْ ابْتِغَاءَ  
مَرْضَاتِ اللَّهِ وَتَثْبِيتًا مِنْ أَنْفُسِهِمْ كَمَثَلِ  
جَنَّةٍ بَرِّيَّةٍ أَصَابَهَا وَابِلٌ فَكَانَتْ أَكْطَلَهَا  
ضَعْفَتٍ فَإِنْ لَمْ يُصِبْهَا وَابِلٌ قَطَلٌ وَاللَّهُ  
بِمَا تَعْمَلُونَ بَصِيرٌ ﴿٢٦٦﴾

البقرة: ٢٦٦

الَّذِينَ يُنْفِقُونَ أَمْوَالَهُمْ بِالْإِثْلِ وَالْتِهَارِ  
سِرًّا وَعَلَانِيَةً فَلَهُمْ أَجْرُهُمْ عِنْدَ رَبِّهِمْ  
وَلَا خَوْفٌ عَلَيْهِمْ وَلَا هُمْ يَحْزَنُونَ ﴿٢٧٥﴾

البقرة: ٢٧٥

## 9.

# OILITHREACHT (HAJJ) AGUS AN KAABA NAOFA (TIGH DÉ)

Cuireann an Quran d'iallach ar gach Moslamach an Oilithreacht go Mecca a dhéanamh uair amháin ina shaol má tá sé de mhaoin aige é sin a dhéanamh agus má tá an turas sábhailte dó. Is é lár-ionad an oilithreachta ná an Kaaba, atá, de réir mar a insítear sa Quran, ar an gcéad teach a tógadh chun go dtabharfaí adhradh do Dhia. Is í is aidhm leis an oilithreacht ná luí i dtaobh an chomráideachais idirnáisiúnta a chruthú in intinn na Moslamach, agus a chur ina luí ar intinn na n-oilithreach tré dheasghnátha áirithe a chleachtadh, gurb é Dia is cóir a bheith mar phointe comhtheagmhála ina saol acu.

26. Agus maidir leis an dream nach bhfuil creideamh acu, agus a chuirfeadh isteach ar dhaoine a bheadh ag cleachtadh chreideamh Allah nó a bheadh ar a mbealach chuig an Mosque coisricthe, ar ar sholáthraíomar ar mhaithe le chuile fhear, is cuma ar ag cur faoi ann atá sé nó ar cuairt ón bhfásach, agus duine ar bith den dream seo a thríáilfheadh na daoine seo a chur den bhóthar ceart — gearrfaimid pionós trom orthu.

إِنَّ الَّذِينَ كَفَرُوا وَيَصُدُّونَ عَن سَبِيلِ اللَّهِ  
وَالْمَسْجِدِ الْكَرَامِ الَّذِي جَعَلْنَاهُ لِلنَّاسِ سَوَاءً  
الْعَلَكَفُ فِيهِ وَالْبَادِ وَمَنْ يُرِدْ فِيهِ بِالْحُكْمِ  
يُظَلَمِ نُزُوقَهُ مِنْ عَذَابٍ أَلِيمٍ ﴿٣٦﴾

27. Agus cuimhnigí ar an uair ar chuireamar ionad an tí ar leataobh do Abrahám agus a ndúramar, ‘Ná ceangial rud ar bith liom, agus coinnigí mo theach glan don dream a thiocfaidh ar imchuart ann, an dream a sheasfadh, a chromfadh agus a shínfeadh iad féin ar talamh le linn guí dóibh;

وَإِذْ بَوَّأْنَا لِإِبْرَاهِيمَ مَكَانَ الْبَيْتِ أَنْ لَا  
تُشْرِكَ بِي شَيْئًا وَطَهَّرَ بَيْتِي لِلطَّائِفِينَ  
وَالْقَائِمِينَ وَالرُّكَّعِ السُّجُودِ ﴿٣٧﴾

28. Agus fógraigí an Oilithreacht i measc an chine daonna. Beidh siad chugat de shiúl na gcos, ar dhroim gach uile chamall seang ag teacht ó gach uile cheard aduain.

وَأَذِّنْ فِي النَّاسِ بِالْحَجِّ يَأْتُوكَ رِجَالًا وَعَلَى  
كُلِّ ضَامِرٍ يَأْتِينَكَ مِنْ كُلِّ فِجٍّ عَمِيقٍ ﴿٣٨﴾

29. Ionas go mbéarfaidh siad fianaise ar an leas atá ann dóibh agus go luafaidh siad ainm Allah, ar na laethanta caoithiúla, os cionn na mbeithigh ceithre cos a chuir Sé ar fáil dóibh. Blaisigí de sin agus cothaigí iadsan atá i gcruachás nó ar an gcaolchuid.

لِيَشْهَدُوا مَنَافِعَ لَهُمْ وَيَذْكُرُوا اسْمَ اللَّهِ فِي  
أَيَّامٍ مَّعْلُومَاتٍ عَلَىٰ مَا رَزَقَهُمْ مِّنْ بَيْهِيمَةٍ  
الْأَنْعَامِ فَكُلُوا مِنْهَا وَأَطْعَمُوا الْبَائِسَ الْفَقِيرَ ﴿٢١﴾

30. Ansin chuiridís a gcuid dualgaisí athnuachana i gcéim, agus chomhlíonaidís a gcuid móideanna, agus théidís ar imchuart san Teach Ársa.

Caibidil 22:26-30.

ثُمَّ لِيَقْضُوا تَفَثَهُمْ وَلِيُوفُوا نُذُورَهُمْ  
وَلِيَطُوفُوا بِالْبَيْتِ الْعَتِيقِ ﴿٣٠﴾

الحج: ٢٦ - ٣٠

98. Tá Solaoidí follasacha ann; is é ionad Abrahám é; agus cibé duine a théann isteach ann, téann sé thar thairseach na síochána. Agus is dualgas é, oilithreacht a dhéanamh chuig an teach, atá curtha ag Allah ar na fir ar féidir leo a mbealach a dhéanamh chuige. Agus an fear nach bhuil aon chreideamh aige, cuimhníodh sé go bhfuil Allah neamhspleách ar gach uile ní.

Caibidil 3:98.

فِيهِ ءَايَاتٌ مُّبَيَّنَاتٌ لِّمَنْ هَدَىٰ ۖ وَمَنْ دَخَلَهُ كَانَ  
ءَامِنًا ۗ وَلِلَّهِ عَلَى النَّاسِ حُجُّ الْبَيْتِ مَنِ اسْتَطَاعَ  
إِلَيْهِ سَبِيلًا ۗ وَمَنْ كَفَرَ فَإِنَّ اللَّهَ غَفِيْرٌ  
عَنِ الْعَالَمِينَ ﴿٩٨﴾

آل عمران: ٩٨

198. Tá eolas forleathan ar mhíonna an Hajj; agus an té a shocraíonn tabhairt faoin Oilithreacht sna míonna seo, cuimhníodh sé go bhfuil cosc ar dhroch-chaint, agus ar argóintí i gcaitheamh na hOilithreachta. Agus aon leas a dhéanann sibh tá a fhios ag Allah é. Agus tugaigí libh cothú caoithiúil agus go deimhin sí an fhíríantacht an cothú is fearr. Agus sibhse a bhfuil ciall agaibh ná bíodh scáth oraibh ach romhamsa amháin.

Caibidil 2:198.

الْحَجُّ أَشْهُرٌ مَّعْلُومَاتٌ ۖ فَمَنْ فَرَضَ فِيهِنَّ  
الْحَجَّ فَلَا رَفْعَ وَلَا سَوْفَ وَلَا أَجْدَالَ فِي  
الْحَجِّ ۗ وَمَا تَفَعَّلُوا مِنْ خَيْرٍ يَّعْلَمَهُ اللَّهُ  
وَتَزُودُوا فَإِنَّ خَيْرَ الزَّادِ التَّقْوَىٰ  
وَأَتَّقُوا لِأَوْلِي الْأَيْدِي ﴿١٩٨﴾

البقرة: ١٩٨



## 10.

# TABHAIRT NA TEACHTAIREACHTA BEANNAITHE DON CHINE DAONNA UILE

Agus teachtaireacht Allah á chur in iúl ní foláir aird a dhíriú ar gach aon ghné ar féidir tionchar a bheith aige ar dhearca an té atá i gceist. Caithfear a chuimhniú gurb í is aidhm leis ná go mbeadh sé buíoch agus go bhfreagródh sé don ghlaoch Diaganta. Tá an prionsabal seo leírthe go maith 'sna treoracha a tugadh do Mhaois agus do Aaron maidir leis an gcaoi arbh chóir aghaidh a thabhairt ar Faró agus maidir leis an gcaoi arbh chóir comhairle a chur air.

34. Agus cén duine atá níos béalbhinne ná an fear a chuireann Allah in aithne do dhaoine eile. Déanann an fear céanna obair fhíréanta agus deireann sé: 'Is mé, go deimhin atá ar dhuine de na daoine a umhlaíonn é féin?

وَمَنْ أَحْسَنُ قَوْلًا مِمَّن دَعَا إِلَى اللَّهِ وَعَمِلَ  
صَالِحًا وَقَالَ إِنِّي مِنَ الْمُسْلِمِينَ ﴿٣٤﴾

35. Agus ní ionann an mhaith agus an t-olc. Cuirigí in aghaidh an oilc leis an maiteas is fearr dá bhfuil ann. Agus féachaigí, dá bharr seo beidh na fir a bhí mar naimhde agaibh go dtí seo ina gcairde buanna agaibh as seo amach.

وَلَا تَسْتَوِ الْحَسَنَةُ وَلَا السَّيِّئَةُ ادْفَعِ بِالَّتِي هِيَ  
أَحْسَنُ فَإِذَا الَّذِي بَيْنَكَ وَبَيْنَهُ عَدَاوَةٌ كَأَنَّهُ وَلِيٌّ  
حَمِيمٌ ﴿٣٥﴾

36. Ach ní thabharfar seo ach don dream atá dílis; agus ní thabharfar é ach dóibh siúd a bhfuil go leor den mhaith iontu. Caibidil 41:34-36.

وَمَا يُلْقِيهَا إِلَّا الَّذِينَ صَبَرُوا وَمَا يُلْقِيهَا إِلَّا الَّذِينَ  
حَظَّ عَظِيمٌ ﴿٣٦﴾ حم السجدة: ٣٤ - ٣٦

126. Cuirigí an Tiarna in aithne do na daoine go gaoiseach, spreagúil agus bígí síodúil agus sibh ag argóint leo. Is ag do Thiarna go deimhin is fearr atá a fhios cé atá imithe ar strae uaidh; agus tá a fhios aige freisin cé hiad a bhfuil comhairle cheart curtha orthu.

ادْعُ إِلَى سَبِيلِ رَبِّكَ بِالْحُكْمِ وَالْمَوْعِظَةِ الْحَسَنَةِ  
وَجِدْ لَهُم بِالَّتِي هِيَ أَحْسَنُ إِنَّ رَبَّكَ هُوَ أَعْلَمُ  
بِمَنْ ضَلَّ عَنْ سَبِيلِهِ وَهُوَ أَعْلَمُ بِالْمُهْتَدِينَ ﴿١٢٦﴾

## TABHAIRT NA TEACHTAIREACHTA BEANNAITHE DONCHINE DAONNA UILE

127. Agus má shocraíonn sibh pionós a ghearradh ar lucht na tíorántachta, gearraigí an oiread céanna pionóis orthu agus a d'fhulaing sibh féin; ach más amhlaidh go mbíonn foighne agaibh leo, bhuel go deimhin, sin é is fearr don dream a bhfuil foighne acu.

وَأِنْ عَاقَبْتُمْ فَعَاقِبُوا بِمِثْلِ مَا عَاقَبْتُمْ بِهِ  
وَلَيْنَ صَبْرَتُمْ لَهُو خَيْرٌ لِّلصَّابِرِينَ ﴿١٢٧﴾

128. Agus a Fháidh, bíodh foighne agat féin; agus le fírinne ní fhéadfá a bheith chomh foighneach sin murach cabhair Allah. Agus ná bíodh brón ná buairt ort i dtaobh a gcuid feillbhearta siúd.

وَأَصْبِرْ وَمَا صَبْرُكَ إِلَّا بِأَلَّهِ ۗ وَلَا تَحْزَنْ عَلَيْهِمْ  
وَلَا تَأْكُ فِي صَبْرِكَ مِمَّا يَمْكُرُونَ ﴿١٢٨﴾

129. Tá fábharr ag Allah leis na fíréin agus leo sin a chleachtann an mhaith. Caibidil 16:127-129.

إِنَّ اللَّهَ مَعَ الَّذِينَ اتَّقَوْا وَالَّذِينَ هُمْ مُحْسِنُونَ ﴿١٢٩﴾

النحل ١٢٦ - ١٢٩

6. Agus má thagann duine den dream a mbíonn déithe bréige acu chugat ag iarraidh coimirce ort, tabhair sin dó ionad go gcloisfidh sé Briathar Allah; agus cuir in áit é ina mbeidh dídean aige. Is de bhrí gur pobal aineolach iad atá siad amhlaidh. Caibidil 9:6.

وَإِنْ أَحَدٌ مِنَ الْمُشْرِكِينَ اسْتَجَارَكَ فَأَجِرْهُ حَتَّى  
يَسْمَعَ كَلِمَ اللَّهِ ثُمَّ اتْلُغْهُ مَأْمُونًا ذَلِكُ بَيِّنَةٌ لِّقَوْمٍ  
يَعْلَمُونَ ﴿٦﴾ التوبة: ٦

18. Agus an dream a sheachnódh déithe bréige ar fhaitíos go n-adhróidís iad, agus a thugann a n-aghaidh ar Allah — beidh dea-scéala in ndán dóibh. Beirigí dea-scéala uaim dá bhrí sin chuig mo chuid searbhóntaí.

وَالَّذِينَ اجْتَنَبُوا الطَّاغُوتَ أَنْ يَعْبُدُوهَا وَأَنَابُوا إِلَى اللَّهِ لَهُمُ  
الْبُشْرَىٰ فَبَشِّرْ عِبَادَ ﴿١٨﴾

19. A thugann aird ar an mBriathar agus a bhíonn dílis dó chomh maith agus atá ar a gcumas. Is iad seo an dream ar chuir Allah comhairle orthu, agus is iad seo an dream a bhfuil an tuiscint acu. Caibidil 39:18-19.

الَّذِينَ يَسْتَمِعُونَ الْقَوْلَ فَيَتَّبِعُونَ أَحْسَنَهُ ۗ أُولَٰئِكَ  
الَّذِينَ هَدَاهُمُ اللَّهُ وَأُولَٰئِكَ هُمْ أُولُو الْأَلْبَابِ ﴿١٩﴾

الزمر: ١٨ - ١٩

## 11.

# BÉASAÍOCHT, EITIC AGUS DEÁ-BHÉASA

Déanann an Quran glacadh leis an tsaol a theagasc, ní diúltú dó ná tarraingt siar uaidh. Ní cheadaítear manachúileacht nó aiséiteachas in Islam. Is é riail na beatha ná maireachtáil de réir na fíréantachta agus úsáid cheart chuí a dhéanamh de na hachmhainn agus de na buanna a bhronn Dia orainn. Leagann an Quran treoracha sonraitheacha síos chun go gcothófaí caighdeán morálta agus spioradálta taobh istigh den choincheap ginearálta seo. 'Sí is aidhm leis ná forbairt a dhéanamh ar na hachmhainní ar bhealach dea-ghníomhach comhordaitheach.

11. Is aon mhuirín amháin iad na creidmhigh go deimhin. Déan síocháin dá bhrí sin idir deartháireacha, agus bíodh scáth ort roimh Allah ionas go dtabharfar trócaire duit féin.

إِنَّمَا الْمُؤْمِنُونَ إِخْوَةٌ فَأَصْلِحُوا بَيْنَ أَخَوِيكُمْ وَاتَّقُوا  
اللَّهَ لَعَلَّكُمْ تُرْحَمُونَ ﴿١١﴾

12. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, ná lig do phobal amháin a bheith ag caitheamh anuas ar phobal eile, a d'fhéadfadh a bheith níos fearr ná iad féin, agus ná lig do mhná ach oiread a bheith ag caitheamh anuas ar mhná eile, a d'fhéadfadh a bheith níos fearr ná iad san. Agus ná bainigí de chlú bhur bpobalféin agus ná tugaigí leasainmneacha ar a chéile. Is olc an rud drochbhail a bheith ar dhuine atá in ainm is a bheith ina chreidmheach; agus is iad an dream nach ndéanann aithrí na drochdhaoine.

يَا أَيُّهَا الَّذِينَ آمَنُوا لَا يَسْخَرَكُم مِّن قَوْمٍ عَسَىٰ أَن  
يَكُونُوا خَيْرًا مِّنْهُمْ وَلَا نِسَاءٍ مِّن نِّسَاءٍ عَسَىٰ أَن يَكُنَّ خَيْرًا  
مِّنْهُنَّ وَلَا تَلْمِزُوا أَنفُسَكُمْ وَلَا تَنَابَزُوا بِالْأَلْسِنِ  
بِئْسَ الْأَسْمُ الْمُسْتَوْفَعِدَ الْإِيمَنِ وَمَن لَّمْ يَتُبْ  
فَأُولَٰئِكَ هُم الظَّالِمُونَ ﴿١٢﴾

13. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, fainic an t-amhras; mar is féidir leis an amhras a bheith ina pheaca. Agus ná déanaigí spiaireacht, ná cúlchaint ar a chéile. An dtaitneodh sé le duine ar bith agaibh blaiseadh de chorp a dhearthár i ndiaidh a bháis? Is cinnte go mbeadh gráin shíoraí agaibh air.

يَا أَيُّهَا الَّذِينَ آمَنُوا اجْتَنِبُوا كَثِيرًا مِّنَ الظَّنِّ إِنَّ بَعْضَ  
الظَّنِّ إِتْمٌ وَلَا يَجْتَسِسُوا وَلَا يَغْتَبَّ بَعْضُكُم بَعْضًا

## BÉASAÍOCHT, EITIC AGUS DEÁ-BHÉASA

Agus bíodh scáth oraibh roimh Allah. Go deimhin is minic a bhíonn Allah báúil, trácaireach.  
Caibidil 49:12-13.

أَيُّبُ أَحَدِكُمْ أَنْ يَأْكُلَ لَحْمَ أَخِيهِ مَيْتًا  
فَكَرِهْتُمُوهُ وَاتَّقُوا اللَّهَ إِنَّ اللَّهَ تَوَّابٌ رَحِيمٌ ﴿١٣﴾

الحجرات: ١١ - ١٣

وَأَعْبُدُوا اللَّهَ وَلَا تُشْرِكُوا بِهِ شَيْئًا  
وَبِالْوَالِدَيْنِ إِحْسَانًا وَبِذِي الْقُرْبَىٰ وَالْيَتَامَىٰ  
وَالْمَسْكِينِ وَالْجَارِ ذِي الْقُرْبَىٰ وَالْجَارِ  
الْجُنُبِ وَالصَّاحِبِ بِالْجَنبِ وَابْنِ  
السَّبِيلِ وَمَا مَلَكَتْ أَيْمَانُكُمْ إِنَّ اللَّهَ لَا  
يُحِبُّ مَنْ كَانَ مُخْتَالًا فَخُورًا ﴿٣٧﴾

37. Agus adhraigí Allah agus ná ceanglaigí rud ar bith leis, agus bígí lách le tuismitheoirí, agus le gaolta, agus le dílleachtaí, agus leo siúd ar an gcaolchuid, agus leis an gcomharsa muinteartha agus leis an gcomharsa strainséartha, agus leis an gcomrádaí taobh libh, agus leis an bhfear siúil agus leo siúd atá faoi bhur ndeasóga. Níl, go deimhin, aon ghrá ag Allah don té atá stuacach ná mórtasach,

الَّذِينَ يَبْخُلُونَ وَيَأْمُرُونَ النَّاسَ  
بِالْبُخْلِ وَيَكْتُمُونَ مَا آتَاهُمُ اللَّهُ  
مِنْ فَضْلِهِ وَأَعْتَدْنَا لِلْكَافِرِينَ عَذَابًا  
مُهِينًا ﴿٣٨﴾

38. Ná don sprionlóir ná don dream a chuirfeadh iachall ar dhaoine eile a bheith sprionlaithe, ná don dream a chuirfeadh i bhfolach an méid a bhí tugtha ag Allah dóibh as a stór féin. Agus tá pionós a náireoidh iad réitithe againn fá choinne na ndíchreidmheach,

وَالَّذِينَ يُنْفِقُونَ أَمْوَالَهُمْ رِئَاءَ النَّاسِ وَلَا  
يُؤْمِنُونَ بِاللَّهِ وَلَا بِالْيَوْمِ الْآخِرِ وَمَنْ يَكُنِ  
الشَّيْطَانُ لَهُ قَرِينًا فَسَاءَ قَرِينًا ﴿٣٩﴾

39. Agus lena n-aghaidh sin a chaithefeadh a gcuid airgid os comhair an tsaoil ionas go bhfeicfí iad á chaitheamh, agus iad siúd nach greideann in Allah ná i Lá an Bhreithiúnais. Agus duine ar bith a mbíonn an diabhal mar chomrádaí aige, cuimhníodh sé gur olc an comrádaí é.

النساء: ٣٧ - ٣٩

91. Molann Allah, le fírinne, go dtabharfaí ceart do dhaoine agus go ndéanfaí leas do dhaoine eile; agus go ndáilfí ar strainséirí amhail is dá mba daoine muinteartha iad. Tá cosc ar mhíghéanmnaíocht aige, agus tá an t-olc cruthunta, agus an peaca éagórach coiscthe aige. Ceartaíonn Sé sibh le go mbeadh sibh san airdeall.

إِنَّ اللَّهَ يَأْمُرُ بِالْعَدْلِ وَالْإِحْسَانِ وَإِيتَايَ ذِي  
الْقُرْبَىٰ وَيَنْهَىٰ عَنِ الْفَحْشَاءِ وَالْمُنْكَرِ  
وَالْبَغْيِ يَعِظُكُمْ لَعَلَّكُمْ تَذَكَّرُونَ ﴿١١﴾

92. Agus comhlíonaigí an margadh a rinne sibh le hAllah; agus ná brisigí na móideanna atá buanaithe agaibh, nuair is é Allah atá g dul i mbannaí oraibh. Tá a fhios ag Allah go deimhin a mbíonn ar siúl agaibh.

وَأَوْفُوا بِعَهْدِ اللَّهِ إِذَا عَاهَدْتُمْ وَلَا تَنْقُضُوا  
الْأَيْمَانَ بَعْدَ تَوْكِيدِهَا وَقَدْ جَعَلْتُمُ اللَّهَ  
عَلَيْكُمْ كَفِيلًا إِنَّ اللَّهَ يَعْلَمُ مَا تَعْمَلُونَ ﴿١٢﴾

## BÉASAÍOCHT, EITIC AGUS

93. Agus ná bígí cosúil leis an mbean úd, a shníomhfadh a cuid snátha go dlúth le chéile agus ansin a stróiceadh ó chéile é. Agus ní bhíonn sibh ach ag cur i gceíl nuair a thugann sibh geallúintí eadraibh féin ar fhaitíos go n-éireodh duine agaibh níos cumhachtaí ná an duine eile. Tástálann Allah sibh sa mhéid sin agus léireoidh sé daoibh ar Lá an Aiséirí cen chaoi ar éirigh libh.  
Caibidil 16:91-93.

136. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, seasaigí go tréan ar son an chirt, agus bígí mar fhinnithe ag Allah, fiú más ag tabhairt fianaise in bhur n-aghaidh féin a bheidh sibh nó in aghaidh bhur dtuismitheoirí agus bhur muintire. Déanann Allah níos mó cúraim den fhear saibhir agus den fhear daibhir araon, ná mar a dhéanann sibhse. Smachtaigí bhur n-ainmhianta mar sin ionas go mbeidh sibh neamhchlaonta. Agus má cheileann sibh an fhírinne nó má sheachnaíonn sibh í cuimhnigí go bhfuil a fhios ag Allah go maith céard atá ar siúl agaibh.  
Caibidil 4:136.

149. Ní réitíonn ráitis phoiblí mhíchiubhúla le hAllah ach nuair a thagann siad ó dhuine a mbíonn éagóir á dhéanamh air. Is É Allah go deimhin an Té atá in ann gach uile ní a chloisteáil agus a fheiceáil.

150. Má chuireann sibh dea-bheart faoi bhráid an phobail nó mura gcuireann, agus má mhaitheann sibh feallbheart, is É Allah go cinnte, Glantóir na bpeacaí, agus tá Sé uilechumhachtach, 4:149,150

9. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, seasaigí go tréan ar son Allah, tugaigí fianaise chothrom; agus ná ligfeadh olc aon phobail daoibh feall a imirt. Tugaigí cothrom na féinne i gcónaí, sin é atá ina chara ag an bhfíréantacht. Tá a fhios ag Allah go deimhin céard a bhíonn ar siúl agaibh.

10. Tá geallúint tugtha ag Allah don dream a mbíonn creideamh acu agus a dhéanann obair charthanachta go mbeidh maithiúnas agus luach a saothair acu.

وَلَا تَكُونُوا كَالَّذِي نَقَصَتْ عَزَلَهَا مِنْ بَعْدِ قَوِّهِ  
أَنْ كُنْتُمْ تَتَّخِذُونَ أَيْمَانَكُمْ دَخَلًا بَيْنَكُمْ أَنْ  
تَكُونَ أُمَّةٌ هِيَ أَرْبَىٰ مِنْ أُمَّةٍ إِنَّمَا يَبْلُوكُمُ  
اللَّهُ بِهِ ۖ وَلِيَبَيِّنَنَّ لَكُمْ يَوْمَ الْقِيَامَةِ مَا كُنتُمْ فِيهِ  
تَخْلِفُونَ ﴿٩٣﴾ النحل: ٩١ - ٩٣

يَتَأْتِيهَا الَّذِينَ ءَامَنُوا كُونُوا قَوَّامِينَ بِالْقِسْطِ شُهَدَاءَ  
لِلَّهِ وَلَوْ عَلَىٰ أَنْفُسِكُمْ أَوَالِدِينَ وَالْأَقْرَبِينَ إِنْ  
يَكُنْ غَنِيًّا أَوْ فَقِيرًا فَاللَّهُ أَوْلَىٰ بِهِمَا فَلَا تَتَّبِعُوا  
الْهَوَىٰ أَنْ تَعْدِلُوا وَإِنْ تَلَوُّهُ أَوْ نَعَرَ ضَمُّوا فَإِنَّ اللَّهَ  
كَانَ بِمَا تَعْمَلُونَ خَبِيرًا ﴿١٣٦﴾

النساء: ١٣٦

لَا يُحِبُّ اللَّهُ الْجَهْرَ بِالسُّوٓءِ مِنَ الْقَوْلِ إِلَّا مَنْ ظَلَمَ  
وَكَانَ اللَّهُ سَمِيعًا عَلِيمًا ﴿١٤٩﴾

إِنْ يُبَدُّوْا خَيْرًا أَوْ تُخَفَّوْهُ أَوْ يُعْفَوْا عَنْ سُوءِ فَاِنِ  
اللَّهُ كَانَ عَفُوًّا قَدِيرًا ﴿١٥٠﴾ النساء: ١٤٩ - ١٥٠

يَتَأْتِيهَا الَّذِينَ ءَامَنُوا كُونُوا قَوَّامِينَ لِلَّهِ شُهَدَاءَ  
بِالْقِسْطِ وَلَا يَجْرِمَنَّكُمْ شَنَاٰنُ قَوْمٍ عَلَىٰ  
أَلَّا تَعْدِلُوا أَعْدِلُوا هَوَاهُ أَقْرَبُ لِلتَّقْوَىٰ وَاتَّقُوا  
اللَّهَ إِنَّ اللَّهَ خَبِيرٌ بِمَا تَعْمَلُونَ ﴿٩﴾

وَعَدَ اللَّهُ الَّذِينَ ءَامَنُوا وَعَمِلُوا الصَّٰلِحٰتِ  
لَهُمْ مَغْفِرَةٌ وَأَجْرٌ عَظِيمٌ ﴿١٥﴾

11. Agus is iad lucht an diabhair an dream nach nglacann lenár Solaoídí agus nach gcreideann.

Caibidil 5:10,11.

وَالَّذِينَ كَفَرُوا وَكَذَّبُوا بِآيَاتِنَا أُولَٰئِكَ

أَصْحَابُ الْجَحِيمِ ﴿١١﴾ المائدة: ٩ - ١١

32. Ná maraigí bhur bpáistí le faitíos roimh an mbochtanas. Soláthraímíd dóibhsean agus daoibhse. Is peaca mór é go deimhin iad a mharú.

وَلَا تَقْتُلُوا أَوْلَادَكُمْ خَشْيَةَ إِمْلَاقٍ نَحْنُ نَرْزُقُهُمْ وَإِيَّاكُمْ  
إِنْ قَتَلْتُمْ كَانُوا خِطَاءً كَبِيرًا ﴿٣٢﴾

33. Agus coinnigí glan ón adhaltranas; is rud olc agus fíor-dhroch nós é go deimhin.

وَلَا تَقْرَبُوا الرِّبَا إِنَّهُ كَانَ فَحِشَةً وَسَاءَ  
سَبِيلًا ﴿٣٣﴾

34. Agus ná maraigh an t-anam atá coiscthe ag Allah ach ar mhaithe leis an gceart. Agus an té a mharáítear go fealltach, tá cead tugtha againn dá shliocht eiric a iarraidh, ach ná téadh sé thar fóir leis an slad; mar tá taca an dlí aige sa mhéid sin.

وَلَا تَقْتُلُوا النَّفْسَ الَّتِي حَرَّمَ اللَّهُ إِلَّا بِالْحَقِّ وَمَنْ قُتِلَ  
مَظْلُومًا فَقَدْ جَعَلْنَا لَوْلِيهِ سُلْطَانًا فَلَا يَسْرِفُ  
فِي الْقَتْلِ إِنَّهُ كَانَ مَنْصُورًا ﴿٣٤﴾

35. Agus ná teagmhaigh le sealúchas an dílleachta, más lena leas atá tú, go mbeidh sé tagtha in aois, agus comhlíon an margadh; mar déanfar fiosrú i dtaobh an mhargaidh.

وَلَا تَقْرَبُوا مَالَ الْيَتِيمِ إِلَّا بِالَّتِي هِيَ أَحْسَنُ حَتَّىٰ يَبْلُغَ  
أَشُدَّهُمْ وَأَوْفُوا بِالْعَهْدِ إِنَّ الْعَهْدَ كَاتِبٌ مَسْئُولًا ﴿٣٥﴾

36. Agus tabhair an tomhas cothrom agus tú ag meá, agus déan tomhas le scála cothrom; is é seo an rud is fearr agus is inmholta i ndeireadh na dála.

وَأَوْفُوا الْكَيْلَ إِذَا كُنتُمْ وَزِنُوا بِالْقِسْطِ أَسْرَعِمْ  
ذَٰلِكَ خَيْرٌ وَأَحْسَنُ تَأْوِيلًا ﴿٣٦﴾

37. Agus ná téigh i mbun gnó mura bhfuil fios do cheirde agat. Iarrfar le fírinne, fianaise ar an tsúil, ar an gcluais, agus ar an gcroí.

وَلَا تَقْفُ مَا لَيْسَ لَكَ بِهِ عِلْمٌ إِنَّ السَّمْعَ وَالْبَصَرَ  
وَالْفُؤَادَ كُلُّ أُولَٰئِكَ كَانَ عَنْهُ مَسْئُولًا ﴿٣٧﴾

38. Agus ná bí stuacach sa saol seo, mar níl sé ar do chumas an domhan a réabhadh ná airde na sléibhte a shárú.

وَلَا تَمْشِ فِي الْأَرْضِ مَرَحًا إِنَّكَ لَنْ تَخْرِقَ الْأَرْضَ  
وَلَنْ تَبْلُغَ الْجِبَالَ طُولًا ﴿٣٨﴾

39. Is fuath le hAllah an t-olc atá taobh thiar de na rudaí seo uilig. Caibidil 17:32-39.

كُلُّ ذَٰلِكَ كَانَ سَيِّئُهُ عِنْدَ رَبِّكَ مَكْرُوهًا ﴿٣٩﴾

بنی اسرائیل: ٣٢ - ٣٩

## 12.

# BUN-PHRIONSABAIL AN CHÓRAIS EACNAIMIÚIL

'Sé an bun-choincheap eacnaimiúil in Islam ná gur le Dia amháin gach uile rud dá bhfuil ann. In Islam tugtar aitheantas do úinéireacht dleathach an aonaraigh, idir chead seilbhe agus úsáid agus díol maoin, agus déantar cosaint air, agus cuirtear gach úinéireacht faoin bhreith mórálta éiginteach go bhfuil comh-cheart cothrom ag gach aicme den tsochaí i maoin iomlán an tsochaí sin. Tá cruth dlíthiúil ar chuid den oibleagáid seo agus cuirtear i bhfeidhm é tré smachtbhannaí dlísteanacha, ach don chuid is mó déantar é a chomhlíonadh go deonach tré iarracht a dhéanamh ar na torthaí spioradálta agus mórálta is fearr a bhaint amach do gach éinne.

117. Agus nuair a dúramar leis na haingil: 'Bígí umhal do Ádhamh,' ghéilleadar uilig. Ach níor ghéill Iblis. Dhiúltaigh sé.

وَإِذْ قُلْنَا لِلْمَلَائِكَةِ اسْجُدُوا لِآدَمَ فَسَجَدُوا إِلَّا إِبْلِيسَ أَبَى ﴿١١٧﴾

118. Ansin dúramar: 'A Ádhaimh, is námhaid duitse agus do do bhean é seo; agus ná lig dó sibh a ruaigeadh ón ngáirdín, ar fhaitíos go mbeadh aiféala oraibh.

فَقُلْنَا يَا آدَمُ إِنَّ هَذَا عَدُوٌّ لَكَ وَلِزَوْجِكَ فَلَا تَخْرُجَنَّكَ مِنَ الْجَنَّةِ فَتَشْقَى ﴿١١٨﴾

119. 'Is amhlaidh atá sé leagtha síos duit, nach mbeidh ocras ort agus nach mbeidh tú nocht.

إِنَّ لَكَ الْآلِجُوعَ فِيهَا وَلَا تَعْرَى ﴿١١٩﴾

120. Agus ní bheidh aon tart ort ná ní bheidh tú go deo gan scáth ón ngrian.' Caibidil 20:117-120.

وَأَنَّكَ لَا تَظْمَأُ فِيهَا وَلَا تَصْحَى ﴿١٢٠﴾

طه ١١٧ - ١٢٠

189. Agus ná hídigí bhur maoin eadraibh féin go fealltach, agus ná tairg é mar bhreab do na húdaráis ar fhaitíos go n-ídeodh sibh cion dhaoine eile le faillí. Caibidil 2:189.

وَلَا تَأْكُلُوا أَمْوَالَكُمْ بَيْنَكُمْ بِالْبَطِيلِ وَتَدُلُّوا بِهَا إِلَى الْحُكَّامِ لِتَأْكُلُوا فَرِيقًا مِّنْ أَمْوَالِ النَّاسِ بِالْإِثْمِ وَأَنْتُمْ تَعْلَمُونَ ﴿١٨٩﴾

البقرة: ١٨٩

### 13.

## JIHAD—SÁR-IARRACHTAÍ FAOI RIAIL ALLAH

'Sé is ciall le Jihad ná uasmhéid chumhachta an duine a úsáid chun deighleáil le hábhar dímheasa, agus tá trí chineáil dó seo ann, mar atá: (1) le namhad sofheicthe, (2) Le Sátan, agus (3) leis féin.

Múintear sa Quran go mba chóir, ar ócáid an chogaidh, an cogadh a throid sa chaoi is go ndéantar a laghad dochair agus is féidir do bheatha agus do earraí, agus go mba chóir críoch a chur leis an dtroid a luaithe agus is féidir.

40. Tá cead catha acu siúd ar fógraíodh cath orthu, mar tá éagóir á dhéanamh orthu — agus tá cumhacht, go dearfa ag Allah chun cuidiú leo —

أُذِنَ لِلَّذِينَ يُقَاتِلُونَ بِأَنَّهُمْ ظَلِمُوا وَإِن لَّوَلَّى اللَّهُ عَلَيْهِمْ لَقَدِيرٌ ﴿٤٠﴾

41. Agus acu siúd a díbríodh óna gcuid tithe ar an ábhar go ndúirt siad: 'Is é Allah ár dTiarna' — agus dá mba rud é nach ruaigfeadh Allah fir áithrid le cumhacht fhir eile, bheadh scrios déanta acu go deimhin ar mhainistreacha agus ar eaglaisí agus ar shionagóga agus ar mhoscanna, áiteanna ina mbíonn ainm Allah á chomóradh go minic. Agus cuideoidh Allah go deimhin leis an té a chuidíonn leis. Tá Allah cumhachtach, neartmhar — Caidil 22:40-41.

الَّذِينَ أُخْرِجُوا مِنْ دِيَارِهِمْ بِغَيْرِ حَقٍّ إِلَّا أَنْ يَقُولُوا رَبُّنَا اللَّهُ وَلَوْلَا دَفْعُ اللَّهِ النَّاسَ بَعْضَهُمْ بِبَعْضٍ لَفُتِنَتِ السَّمَوَاتُ وَبِيعَ وَصَلَاتٌ وَمَسْجِدٌ يُذَكَّرُ فِيهَا اسْمُ اللَّهِ كَثِيرًا وَلَيَنْصُرَنَّ اللَّهُ مَنْ يَنْصُرُهُ إِنَّ اللَّهَ لَقَوِيٌّ عَزِيزٌ ﴿٤١﴾ الحج: ٤٠ - ٤١

9. Ní choisceann Allah meas a bheith agaibh ar an dream nár throid in bhur n-aghaidh mar gheall ar bhur greideamh nó nár dhíbir sibh as bhur dtithe, ní choisceann Sé oraibh a bheith lách agus cothrom leo; tá grá ag Allah go deimhin don dream a bhíonn cothrom.

لَا يَنْهَكُمُ اللَّهُ عَنِ الْإِيمَانِ لَمَّا يُقِنُوا فِي الدِّينِ وَلَمْ يُخْرِجَكُم مِّن دِينِكُمْ أَنْ تَرْوَهُمْ وَتَقْسُوا إِلَيْهِمْ إِنَّ اللَّهَ حُبُّ الْمُقْسِطِينَ ﴿٩﴾



10. An t-aon rud a choisceann Allah oraibh, omós a thabhairt don dream a throid in bhur n-aghaidh i ngeall ar bhur gcreideamh agus a dhíbir sibh as bhur gcuid tithe, agus an dream a chuidigh le daoine eile sibh a chur as seilbh, agus coisceann Sé oraibh cairdeas a dhéanamh leo, agus cibé duine a dhéanfadh cairdeas leo — is iad seo a bheadh ina bpeacaigh. Caibidil 60:9-10.

إِنَّمَا يَنْهَكُمُ اللَّهُ عَنِ الَّذِينَ قَاتَلُوكُمْ فِي الدِّينِ وَأَخْرَجُوكُم مِّن دِيَارِكُمْ وَظَاهَرُوا عَلَىٰ إِخْرَاجِكُمْ أَن تَقُولُوا هُم مِّن بَنِيكُمْ فَأُولَٰئِكَ هُم الظَّالِمُونَ ﴿١٥﴾  
المتحنة: ٩ - ١٠

11. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, an gcuirfidh mé ar an eolas sibh ionas go n-éalóidh sibh ó phionós nimhneach?

يَتَأْتِيَ الَّذِينَ ءَامَنُوا أَهْلَ أَذْيِكُمْ عَلَىٰ تَعَدُّوا نُسُجُوكُمْ مِّنْ عَذَابِ أَلِيمٍ ﴿١٦﴾

12. Creidigí in Allah agus ina Theachtaire, agus oibrigí ar son Allah le bhur gcuid maoinne agus le bhur gcoirp. B’amhlaidh ab fhearr daoibh féin é ach dá mbeadh a fhios agaibh é. Caibidil 61:11-12.

تُؤْمِنُونَ بِاللَّهِ وَرَسُولِهِ وَتُجَاهِدُونَ فِي سَبِيلِ اللَّهِ بِأَمْوَالِكُمْ وَأَنفُسِكُمْ ذَٰلِكُمْ خَيْرٌ لَّكُمْ إِن كُنتُمْ تَعْلَمُونَ ﴿١٧﴾  
الصف: ١١ - ١٢

70. Agus maidir leo siúd a bhíonn ag obair ar ár son — bí cinnte go gcuirfidh ar shlí an colais iad. Agus tá Allah le fírinne ar son na ndaoine a dhéanann an mhaith. Caibidil 29:70.

وَالَّذِينَ جَاهَدُوا فِينَا لَنَهْدِيَنَّهُمْ سُبُلَنَا وَإِنَّ اللَّهَ لَمَعَ الْمُحْسِنِينَ ﴿٧٠﴾  
العنكبوت: ٧٠

20. Agus tá an dream a chreideann agus a imíonn thar lear ar son Dé agus a fhágann a dtithe ina ndiaidh, agus an dream a shaothraíonn ar mhaithe le hAllah lena maoin, gar go maith do chroí Allah. Agus is iadsan an dream is fearr a chruthóidh. Caibidil 9:20.

الَّذِينَ ءَامَنُوا وَهَاجَرُوا وَجَاهَدُوا فِي سَبِيلِ اللَّهِ بِأَمْوَالِهِمْ وَأَنفُسِهِمْ أَكْبَرُ دَرَجَةً عِنْدَ اللَّهِ وَأُولَٰئِكَ هُمُ الْفَائِزُونَ ﴿٢٠﴾  
التوبة: ٢٠

111. Tá coirp agus earraí na gcreidmheach ceannaithe ag Allah uathu ar luach an Gháirdín a bheidh acu sa saol eile; troideann siad ar son Allah, agus déanann siad slad agus maraítear iad — is amhlaidh gur dualgas é sin a leag Sé air féin sa Torah, sa Soiscéal agus sa Qur’án. Agus cén duine atá níos dílse dá fhocal ná Allah? Déanaigí lúcháir mar sin faoin mhargadh atá déanta agaibh leis; agus is é an fíorbhua é. Caibidil 9:111.

إِنَّ اللَّهَ اشْتَرَىٰ مِنَ الْمُؤْمِنِينَ أَنفُسَهُمْ وَأَمْوَالَهُمْ بِآبِ لَهُمُ الْجَنَّةِ يُقَاتِلُونَ فِي سَبِيلِ اللَّهِ فَيَقْتُلُونَ وَيُقْتَلُونَ وَعَدَايَاهُ حَقًّا فِي التَّوْبَةِ وَالْإِنْجِيلِ وَالْقُرْآنِ وَمَنْ أَوْفَىٰ بِعَهْدِهِ مِنَ اللَّهِ فَاسْتَبْشِرُوا بِنِعْمَةِ اللَّهِ الَّتِي بَاعْتُمْ بِهَا وَاذَلِكَ هُوَ الْفَوْزُ الْعَظِيمُ ﴿١١١﴾  
التوبة: ١١١

96. Níl an dream a chreideann agus nach ngíomhaíonn nuair atá sé ar a gcumas inchurtha leis an dream a dhéanann saothrú lena maoin agus lena bpearsa ar son Allah. Is gaire do chroí Allah go mór iadsan a shaothraíonn ar a shon idir mhaoin is chorp ná a an dream nach ngníomhaíonn. Agus tá geallúintí tugtha ag Allah dóibh ina nduine is ina nduine. Agus tá luach mór saothair bronnata ag Allah orthu siúd a shaothraíonn seachas iad siúd nach ndéanann tada.  
Caibidil 4:96.

لَا يَسْتَوِي الْقَاعِدُونَ مِنَ الْمُؤْمِنِينَ غَيْرُ أُولِي الضَّرَرِ  
وَالْمُجَاهِدُونَ فِي سَبِيلِ اللَّهِ بِأَمْوَالِهِمْ وَأَنْفُسِهِمْ فَضَّلَ  
اللَّهُ الْمُجَاهِدِينَ بِأَمْوَالِهِمْ وَأَنْفُسِهِمْ عَلَى الْقَاعِدِينَ  
دَرَجَةً وَكُلًّا وَعَدَّ اللَّهُ الْحَسَنَ وَفَضَّلَ اللَّهُ الْمُجَاهِدِينَ  
عَلَى الْقَاعِدِينَ أَجْرًا عَظِيمًا ﴿٩٦﴾

النساء : ٩٦

## 14.

# CÁILÍOCHTAÍ NA gCREIDMHEACH

Tugann an Quran míniú ar an ngá le creideamh i nDia agus dírtear aird ar na fíricí a chruthaíonn go bhfuil Dia ann. Neosann sé go béimneach faoi mar a labhair Dia linn i gcónaí trí léiriú. Thiofadh deireadh le dian-chreideamh i nDia da n-éireodh Dia féin as a chuid buanna a léiriú dúinn trí mheán na bhfáithe agus a lucht leanúna. Dá bhrí sin, a fhad is a mhaireann an cine daonna, tá sé riachtanach go leanfaí den soiléiriú diaga.

64. Agus is iad searbhóntaí Dé an dream a shiúlann go caoithiúil ar thalamh an domhain, agus nuair a chuireann na haineolaithe caidéis orthu, deir siad, ‘Síocháin libh!’

وَعِبَادُ الرَّحْمَنِ الَّذِينَ يَمْشُونَ عَلَى الْأَرْضِ هَوْنًا  
وَإِذَا خَاطَبَهُمُ الْجَاهِلُونَ قَالُوا سَلَامًا ﴿٦٤﴾

65. Is iad seo an dream a chaitheann an oíche sínte agus ina seasamh os comhair a dTiarna.

وَالَّذِينَ يَبِيتُونَ لِرَبِّهِمْ سُجَّدًا وَقِيَامًا ﴿٦٥﴾

66. Is iad a deireann: ‘A Thiarna, scaoil tharainn pionóis ifrin; mar is pionós síoraí é.

وَالَّذِينَ يَقُولُونَ رَبَّنَا اصْرِفْ عَنَّا عَذَابَ جَهَنَّمَ  
إِنَّ عَذَابَهَا كَانَ غَرَامًا ﴿٦٦﴾

67. ‘Is olc an tearmann é agus an áit chónaithe é;’

إِنَّهَا سَاءَتْ مُسْتَقَرًّا وَمُقَامًا ﴿٦٧﴾

68. Agus an dream nach mbíonn flaithiúil na sprionlaitheachach ach idir eatarthu nuair a bhíonn siad ag caitheamh a gcuid airgid;

وَالَّذِينَ إِذَا أَنْفَقُوا لَمْ يُسْرِفُوا وَلَمْ يَقْتُرُوا وَكَانَ  
بَيْنَ ذَلِكَ قَوَامًا ﴿٦٨﴾

69. Agus an dream nach dtugann moladh do dhia ar bith eile seachas Allah, agus nach maraíonn duine ar bith mar atá coiscthe ag Allah ach amháin ar son na cothromaíochta, nach ndéanfadh adhaltranas (ná táth), agus an té a dhéanann iad seo, gearrfar pionós air.

وَالَّذِينَ لَا يَدْعُونَ مَعَ اللَّهِ إِلَهًا آخَرَ وَلَا يَقْتُلُونَ  
النَّفْسَ الَّتِي حَرَّمَ اللَّهُ إِلَّا بِالْحَقِّ وَلَا يَزْنُونَ  
وَمَنْ يَفْعَلْ ذَلِكَ يَلْقَ أَثَامًا ﴿٦٩﴾

70. Gearrfar a dhá oiread pionóis air lá an aiséirí, agus beidh ceann faoi air an fhad a bheidh sé ann.

يُضَاعَفُ لَهُ الْعَذَابُ يَوْمَ الْقِيَامَةِ وَيَخْلُدُ فِيهِ  
مُهَانًا ﴿٧٠﴾

71. Ach dá ndéanfaidís aithrí agus dá mbeadh creideamh acu agus dá ndéanfaidís obair charthanachta; bhuel! i gcás an dreama seo dhéanfadh Allah dea-bhearta as a gcuid drochbhearta; agus tá Allah lán le trócaire agus maithiúnas;

إِلَّا مَن تَابَ وَآمَنَ وَعَمِلَ عَمَلًا صَالِحًا  
 فَأُولَٰئِكَ يُبَدِّلُ اللَّهُ سَيِّئَاتِهِمْ حَسَنَاتٍ وَكَانَ اللَّهُ  
 غَفُورًا رَحِيمًا ﴿٧١﴾

72. Agus an dream a dhéanfadh aithrí agus a dhéanfadh obair charthanachta, bíonn fíor aithrí go deimhin déanta acu le hAllah;

وَمَن تَابَ وَعَمِلَ صَالِحًا فَإِنَّهُ يَتُوبُ إِلَى اللَّهِ  
 مَتَابًا ﴿٧٢﴾

73. Agus an dream nach dtabharfadh fianaise bhréige agus a shíúilfeadh thar rudaí baoise le dínit;

وَالَّذِينَ لَا يَشْهَدُونَ الزُّورَ وَإِذَا مَرُّوا بِاللَّغْوِ  
 مَرُّوا كِرَامًا ﴿٧٣﴾

74. Agus an dream nach mbeadh dall ná bodhar ar Shloaidí a dTiarna nuair a chuirfí ar a n-aire dóibh iad;

وَالَّذِينَ إِذَا ذُكِّرُوا بِآيَاتِ رَبِّهِمْ لَمْ يَخِرُّوا  
 عَلَيْهَا صُمًّا وَعُمْيَانًا ﴿٧٤﴾

75. Agus an dream a déarfadh, 'cuireadh ár mná chéile agus ár gcuid gasúr ríméad orainn agus tugaimid eiseamláir den scoth do na firéin.'

وَالَّذِينَ يَقُولُونَ رَبَّنَا هَبْ لَنَا مِنْ أَزْوَاجِنَا  
 وَذُرِّيَّاتِنَا قُرَّةَ أَعْيُنٍ وَاجْعَلْ لَنَا لِمُنْقِبِينَ  
 إِمَامًا ﴿٧٥﴾

76. Is daoine ar a nós seo a bhainfidh ionad uasal amach dóibh féin i bParthas mar go raibh siad dflis buan, agus beidh fáilte agus síocháin rompu.

أُولَٰئِكَ يُجْزَوْنَ الْعُرْفَةَ بِمَا صَبَرُوا  
 وَيُلَقَّوْنَ فِيهَا تَحِيَّةً وَسَلَامًا ﴿٧٦﴾

77. Agus fanfaidh siad ann. Is é togha an tearmainn agus an áit chónaithe é.

خَالِدِينَ فِيهَا حَسَنَتْ مُسْتَقَرًّا وَمُقَامًا ﴿٧٧﴾

78. Abair leis an dream nach bhfuil creideamh acu: 'Murach an guidhe a rinne sibh leis, ní bheadh aon chion ag mo Thiarna oraibh. Shéan sibh an fhírinne, go deimhin, agus beidh rian a shéanta sin oraibh as seo amach.'

قُلْ مَا يَعْبُؤُنِي رَبِّي لَوْلَا دَعَاؤُكُمْ فَقَدْ كَذَّبْتُمْ  
 فَسَوْفَ يَكُونُ لِزَامًا ﴿٧٨﴾

الفرقان: ٦٤ - ٧٨

31. Ach an dream a deireann: 'Is é Allah ár dTiarna,' agus a bhíonn dílis i gcónaí dó, tuirlingíonn na haingil anuas orthu agus iad á rá: 'Ná bíodh brón oraibh; agus déanaigí lúcháir faoin ngáirdín atá geallta daoibh.

إِنَّ الَّذِينَ قَالُوا رَبُّنَا اللَّهُ ثُمَّ اسْتَقَمُوا  
تَتَنَزَّلُ عَلَيْهِمُ الْمَلَائِكَةُ أَلَّا تَخَافُوا  
وَلَا تَحْزَنُوا وَأَبْشِرُوا بِالْجَنَّةِ الَّتِي كُنتُمْ  
تُوعَدُونَ ﴿٣١﴾

32. 'Is sinne bhur gcairde sa saol seo agus saol eile. Beidh mianta uile bhur n-anamacha ar fáil ansin daoibh, agus rud ar bith a iarrfaidh sibh beidh sé agaibh —

مَنْ أُولِيَاءُكُمْ فِي الْحَيَاةِ الدُّنْيَا وَفِي الْآخِرَةِ  
وَلَكُمْ فِيهَا مَا نَشْتَهَى أَنْفُسُكُمْ وَلَكُمْ  
فِيهَا مَا تَدْعُونَ ﴿٣٢﴾

33. 'Seo cór ón Té is mó mhó maithiúnais agus trócaire.  
Caibidil 70:31-33

تُزَلَّيْنَا مِنَ عَفْوَ رَحِيمٍ ﴿٣٣﴾

حم السجدة: ٣١ - ٣٣

2. Éireoidh leis na creidmhigh go deimhin.

قَدْ أَفْلَحَ الْمُؤْمِنُونَ ﴿٢﴾

3. Agus leo siúd a déarfadh a gcuid paidreacha go humhal.

الَّذِينَ هُمْ فِي صَلَاتِهِمْ خَاشِعُونَ ﴿٣﴾

4. Agus leo siúd a thabharfadh cúl le rudaí baoiseacha,

وَالَّذِينَ هُمْ عَنِ اللَّغْوِ مُعْرِضُونَ ﴿٤﴾

5. Agus leo siúd a d'íocfadh an Zakāt,

وَالَّذِينَ هُمْ لِلزَّكَاةِ فَاعِلُونَ ﴿٥﴾

6. Agus leo siúd a chleachtódh geanmnaíocht

وَالَّذِينَ هُمْ لِفُرُوجِهِمْ حَافِظُونَ ﴿٦﴾

7. Ach amháin nuair a bheidís i gcuideachta a n-ban chéile nó iadsan atá faoina ndeasóga, ní bhfaighfear locht ar bith orthu an uair sin;

إِلَّا عَلَىٰ أَزْوَاجِهِمْ أَوْ مَا مَلَكَتْ أَيْمَانُهُمْ فَإِنَّهُمْ  
غَيْرُ مُلْمَأِينِينَ ﴿٧﴾

8. Ach an dream a shantódh rud ar bith sa bhreis ar sin is peacaigh iad —

فَمَنْ أَتَّبَعِيَ وَرَاءَ ذَلِكَ فَأُولَٰئِكَ هُمُ الْعَادُونَ ﴿٨﴾

9. Agus leo siúd nach ndéanfadh faillí ina gcuid geallúintí ná ina gcuid margáí,

وَالَّذِينَ هُمْ لَا يُؤْتُونَ عَهْدَهُمْ رَاعُونَ ﴿٩﴾

10. Agus leo siúd a déarfadh a gcuid paidreacha go rialta,

وَالَّذِينَ هُمْ عَلَىٰ صَلَاتِهِمْ يُحَافِظُونَ ﴿١٠﴾

11. Is iad seo na n-oidhrí

أُولَٰئِكَ هُمُ الْوَارِثُونَ ﴿١١﴾

12. A mbeidh parthas le hoidhreacht acu. Is ann a bheidh siad ag cur fúthu.  
Caibidil 23:1-12.

الَّذِينَ يَرِثُونَ الْفِرْدَوْسَ هُمْ فِيهَا خَالِدُونَ ﴿١٢﴾

المؤمنون: ٢ - ١٢

## 15.

# COMHCHEARTANNA DON FHEAR IS DON BHEAN

Ní raibh aon cheartanna dlisteanacha ag na mná sara dtáinig Islam. Is é Islam an t-aon réiligiún a chruthaigh comhairle reachtach foirfe ag tabhairt lán-chosaint do chearta na mban, á gcur ar chomhchéim leis na fir i ngnéithe spioradálta agus i ngnéithe reiligiúnda den tsaol, ag tabhairt seasamh neamhspleách dóibh, ag tabhairt ceartanna úinéireachta dóibh agus ag clárú a ndualgaisí agus a gceartanna mar chuid den dlí diaga.

98. Is cinnte go dtabharfaimid luach saothair don dream a bhíonn dílis de réir fheabhas a mbearta. Tabharfaimid é seo do na creidmhigh is cuma más fir nó mná iad an iompraíonn iad féin mar fhíréin. Bronnfaimid go deimhin, saolfoirfe ar a leithéidí, de réir fheabhas a mbearta.

Caibidil 16:98.

125. Agus cibé duine, cuma fear nó bean a mbeidh creideamh aige rachaidh sé ag dul go Parthas agus ní dhéanfar éagóir dá laghad air. Caibidil 4:125.

36. Tá maithiúnas agus luach mór saothair réitithe ag Allah don dream a umhlaíonn iad féin go hiomlán dó, d'fhir agus do mhná a mbíonn creideamh acu, d'fhir agus do mhná a dhéanann mar a deirtear leo a dhéanamh, d'fhir agus do mhná a bhíonn ionraic, d'fhir agus do mhná a bhíonn dílis, d'fhir agus do mhná a bhíonn umhal, d'fhir agus do mhná a thugann déirce uathu, agus d'fhir agus do mhná a dhéanann troscadh, d'fhir agus do mhná a chleachtann geanmnaíocht, agus d'fhir a bhíonn ag síorchuimhníú ar Allah agus do mhná a chuimhníonn air.

Caibidil 33:36.

مَنْ عَمِلَ صَالِحًا مِّنْ ذَكَرٍ أَوْ أَنثَىٰ وَهُوَ مُؤْمِنٌ  
فَلَنَجْزِيَنَّهُ حَيٰوةً طَيِّبَةً وَلَنَجْزِيَنَّهُمْ أَجْرَهُم  
بِأَحْسَنِ مَا كَانُوا يَعْمَلُونَ ﴿٩٨﴾

النحل: ٩٨

وَمَنْ يَعْمَلْ مِنَ الصَّالِحَاتِ مِّنْ ذَكَرٍ أَوْ  
أُنْثَىٰ وَهُوَ مُؤْمِنٌ فَأُولَٰئِكَ يَدْخُلُونَ الْجَنَّةَ وَلَا  
يُظَلَمُونَ نَقِيرًا ﴿١٢٥﴾

النساء: ١٢٥

إِنَّ الْمُسْلِمِينَ وَالْمُسْلِمَاتِ وَالْمُؤْمِنِينَ  
وَالْمُؤْمِنَاتِ وَالْقَنِينَ وَالْقَنِينَ وَالصَّادِقِينَ  
وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ  
وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ  
وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ  
فَرُوجُهُمْ وَالصَّادِقَاتِ وَالصَّادِقِينَ وَالصَّادِقَاتِ  
كثِيرًا وَالذَّاكِرَاتِ أَعَدَّ اللَّهُ لَهُمْ مَغْفِرَةً  
وَأَجْرًا عَظِيمًا ﴿٣٦﴾

الأحزاب: ٣٦

## COMHCHEARTANNA DON FHEAR IS DON BHEAN

41. Agus an té a raibh creideamh aige dúirt sé: O! a phobail, leanaigí mé, cuirfidh mé ar an mbóthar ceart sibh. Níl sa saol seo ach mar a bheadh foscadh sealadach ann, agus dídean buan atá sa saol eile. Agus fillfidh an feall ar an bhfeallaire, ach duine ar bith a dhéanfadh maitheas, is cuma más fear nó bean é, agus a mbeadh creideamh ina chroí, beidh cead isteach sa nGairdín aige, agus ní bheidh aon teora leis an méid a dháilfear air ann. Caibidil 40:41.

مَنْ عَمِلَ سَيِّئَةً فَلَا يُجْزَىٰ إِلَّا مِثْلَهَا ۖ وَمَنْ عَمِلَ  
صَالِحًا مِنْ ذَكَرٍ أَوْ أُنْثَىٰ وَهُوَ مُؤْمِنٌ  
فَأُولَٰئِكَ يَدْخُلُونَ الْجَنَّةَ يُرْزَقُونَ فِيهَا بِغَيْرِ  
حِسَابٍ ﴿٤١﴾

المؤمن: ٤١

229. Agus fanfaidh na mná a mbíonn cead colscartha uathu trí ráithe; agus tá sé in aghaidh an dlí dóibh go ndéanfaidís ceilt ar an rud a bhíonn cruthaithe ag Allah ina mbroinn, más fíor go gcreideann siad in Allah agus i Lár an Luain; agus más amhlaidh go mbíonn réiteach uathu tá ceart sa bhreis ag a gcuid fear iad a thógáil ar ais i gcaitheamh an ama seo más mian leo athmhúinteas a dhéanamh. Agus tá an oiread céanna den chóir ag dul dóibh (do na mná) agus atá dlite ag an dream atá os a gcionn (ag na fir); ach go bhfuil gradam níos airde ag na fir ná atá acusan. Agus sé Allah an té atá cumhachtach, gaoiseach.

وَالْمَطَلَقَاتُ يَرَبِّصْنَ بِأَنفُسِهِنَّ ثَلَاثَةَ قُرُوءٍ وَلَا  
يَحِلُّ لَهُنَّ أَنْ يَكْتُمْنَ مَا خَلَقَ اللَّهُ فِي أَرْحَامِهِنَّ إِنْ كُنَّ  
يُؤْمِنُ بِاللَّهِ وَالْيَوْمِ الْآخِرِ وَبِعَوْلِهِنَّ أَحَقُّ بِرَدِّهِنَّ فِي ذَٰلِكَ  
إِنْ أَرَادُوا إِصْلَاحًا وَلَهُنَّ مِثْلُ الَّذِي عَلَيْهِنَّ بِالْعُرْفِ  
وَلِلرِّجَالِ عَلَيْهِنَّ دَرَجَةٌ ۗ وَاللَّهُ عَزِيزٌ حَكِيمٌ ﴿٢٢٩﴾

230. Is féidir colscaradh mar seo a fhógairt faoi dhó; agus ina dhiaidh sin coinnigí iad go caoithiúil nó cuirigí uaibh iad go cneasta. Agus níl aon chead agaibh rud ar bith a iarraidh ar ais a thug sibh dóibh (do bhur gcuid ban) ach amháin sa chás agus go mbeadh faitíos oraibh araon nach mbeadh ar bhur gcumas sibh féin a iompar mar a éilíonn Allah a íoc. Ach, má tá amhras oraibh nach mbeidh ar a gcumas iad féin a iompar mar a éilíonn Allah, ní thógfar ar cheachtar díobh an méid a thabharfaidh sí uaithe chun í íein a shaoradh. Sin é an t-iompar a éilíonn Allah, agus dá bhrí sin ná déanaigí faillí ann; agus an dream a dhéanfadh faillí san iompar a éilíonn Allah, is iad na fíorchiontaigh iad. Caibidil 2:229-230.

الطَّلِقُ مَرَّتَانٍ فَإِمْسَاكٌ بِمَعْرُوفٍ أَوْ تَسْرِيحٌ  
بِإِحْسَنِ وَلَا يَحِلُّ لَكُمْ أَنْ تَأْخُذُوا بِمَا  
ءَاتَيْتُمُوهُنَّ شَيْئًا إِلَّا أَنْ يَخَافَا أَلَّا يُعْتَمَرَ  
اللَّهُ فَاِنْ خِفْتُمْ أَلَّا يُفِيَّحُدُّوا لِلَّهِ فَلَاجُنَاحَ عَلَيْهِمَا  
فِيمَا افْتَدَتْ بِهِ ۗ تِلْكَ حُدُودُ اللَّهِ فَلَا تَعْتَدُوهَا ۚ وَمَنْ  
يَتَعَدَّ حُدُودَ اللَّهِ فَأُولَٰئِكَ هُمُ الظَّالِمُونَ ﴿٢٣٠﴾

## 16.

# · COSC AR ÚS — ÚSAIREACHT

Is é an focal a úsáidtear i dtaobh úis ins an Quran ná Riba, focal nach bhfuil an chiall atá leis go hiomlán inchurtha le ciall an fhocail “ús” faoi mar a thuigtear de ghnáth é. Tá cosc ar Riba mar go dtreoraíonn sé an mhaoin i dtreo an mhionlaigh agus cuireann sé srian ar dhea-thoil i dtaobh daoine eile. I gcás iasachtaí a bhfuil ús orthu, tapaíonn an t-iasachtóir an deis agus déanann sé brabús toisc duine eile a bheith ar an ngannchuid agus faoi chruatan.

276. Agus an dream a ídeann ús ní éiríonn siad ach mara n-éiríonn duine a bheadh curtha as a mheabhair ag an diabhal. Tá siad amhlaidh mar go n-abraíonn siad: ‘Is ionann ús agus trádáil;’ agus tá trádáil ceadaithe ag Allah ach tá cosc ar ús áige. Agus an té a bhfuil foláireamh faighte óna Thiarna aige agus a éiríonn as, gheobhaidh sé ar ais ansin ar ghnóthaigh sé roimhe sin; agus idir é féin agus Allah a bheidh sé. Ach an dream a d’fhillfeadh air, beidh siad ag cur fúthu i lár thinte ifrinn; agus is ann a fhanfaidh siad.

الَّذِينَ يَأْكُلُونَ الرِّبَا لَا يَقُومُونَ إِلَّا كَمَا يَقُومُ الَّذِي يَتَخَبَّطُهُ الشَّيْطَانُ مِنَ الْمَسِّ ذَلِكَ بِأَنَّهُمْ قَالُوا إِنَّمَا الْبَيْعُ مِثْلُ الرِّبَا وَأَحَلَّ اللَّهُ الْبَيْعَ وَحَرَّمَ الرِّبَا فَمَنْ جَاءَهُ مَوْعِظَةٌ مِنْ رَبِّهِ فَانْتَهَى فَلَهُ مَا سَلَفَ وَأَمْرُهُ إِلَى اللَّهِ وَمَنْ عَادَ فَأُولَئِكَ أَصْحَابُ النَّارِ هُمْ فِيهَا خَالِدُونَ ﴿٢٧٦﴾

277. Cuirfidh Allah deireadh le hús agus méadóidh Sé ar charthanacht. Agus níl grá ag Allahdon dhíchreidmheach cruthanta ná on deargpheacach.

يَمْحَقُ اللَّهُ الرِّبَا وَيُرِي الضَّعْفَتِ وَاللَّهُ لَا يُحِبُّ كُلَّ كَفَّارٍ أَثِيمٍ ﴿٢٧٧﴾

278. Ach an dream a chreideann, agus a dhéanann obair charthanachta, agus a dhéanann guí agus a íocann an Zakát, beidh a luach sin acu óna dTiarna. Ní bheidh siad faoi scáth ná faoi bhrón.

إِنَّ الَّذِينَ آمَنُوا وَعَمِلُوا الصَّالِحَاتِ وَأَقَامُوا الصَّلَاةَ وَآتَوُا الزَّكَاةَ لَهُمْ أَجْرُهُمْ عِنْدَ رَبِّهِمْ وَلَا خَوْفٌ عَلَيْهِمْ وَلَا هُمْ يَحْزَنُونَ ﴿٢٧٨﴾

279. Agus sibhse a bhfuil creideamh agaibh, bíodh scáth oraibh roimh Allah agus cuirigí uaibh aon ús atá fós fanta agaibh, má tá creideamh agaibh dáiríre.

يَتَأْتِيهَا الَّذِينَ آمَنُوا اتَّقُوا اللَّهَ وَذَرُوا مَا بَقِيَ مِنَ الرِّبَا إِن كُنْتُمْ مُؤْمِنِينَ ﴿٢٧٩﴾



280. Ach mura ndéanann sibh é seo, bígí sásta dul i ngleic le hAllah agus lena Theachtaire; ach má dhéanann sibh aithrí, beidh an oiread ansin agaibh agus a bhí ar dtús; agus ar an gcaoi sin ní dhéanfar éagóir oraibh agus ní dhéanfaidh sibh féin éagóir.

فَإِنْ لَمْ تَفْعَلُوا فَاذْنُوا يُحْرَبِ مِنَ اللَّهِ وَرَسُولِهِ ۖ وَإِنْ  
تُبْتُمْ فَلَكُمْ زُؤُسٌ وَأَمْوَالُكُمْ لَا تَنْظِلُمُونَ  
وَلَا تَنْظَلُمُونَ ﴿٢٨٠﴾

281. Agus má bhíonn duine ar bith atá i bhfiacha libh i ndrochchaoi, tugaigí faoiseamh dó go dtí go dtiocfaidh sé chuige féin. Agus dá nglanfadh sibh a chuid fiacha go hiomlán de bharr na carthanachta is amhlaidh ab fhearr daoibh féin é, dá mbeadh a fhios agaibh é.

وَإِنْ كَانَتْ ذُو عُسْرَةٍ فَنَظِرَةٌ إِلَىٰ مَيْسَرَةٍ وَأَنْ  
تَصَدَّقُوا خَيْرٌ لَّكُمْ إِنْ كُنْتُمْ تَعْلَمُونَ ﴿٢٨١﴾

282. Agus bíodh scáth oraibh roimh an lá a mbeidh oraibh fillleadh ar Allah; cúiteofar le gach anam an lá sin an méid díreach atá dlite dó; agus ní dhéanfar aon fhailí orthu.  
Caibidil 2:276-282.

وَأَتَقُوا يَوْمَ تُرْجَعُونَ فِيهِ إِلَى اللَّهِ ثُمَّ تُوَفَّىٰ كُلُّ  
نَفْسٍ مَّا كَسَبَتْ وَهُمْ لَا يُظْلَمُونَ ﴿٢٨٢﴾  
البقرة: ٢٧٦ - ٢٨٢

30. Agus sibhse a bhfuil creideamh in bhur gcroíthe, ná hídigí bhur sealúchas go héagórach eadraibh féin, ach ná glacaigí níos mó ná an méid a ghnóthaigh sibh go macánta. Agus ná maraigí sibh féin. Is É Allah, go deimhin, atá ceansa libh.  
Caibidil 4:30.

يَتَأْتِيهَا الَّذِينَ ءَامَنُوا لَا تَأْكُلُوا أَمْوَالَكُمْ  
بَيْنَكُمْ بِالْبَاطِلِ ۖ إِلَّا أَنْ تَكُونَ تِجَارَةً عَن  
تَرَاضٍ مِّنْكُمْ ۖ وَلَا تَقْتُلُوا أَنْفُسَكُمْ ۚ إِنَّ اللَّهَ كَانَ  
بِكُمْ رَحِيمًا ﴿٣٠﴾ النساء: ٣٠

## 17.

# TAIRNGREACHTAÍ

Luaitear éagsúlacht feiniméain mar chruthú tacaíochtach ar na foirceadail bunúsacha agus ar theagasc an Quran i go leor de na caibidil ba thúisce a léiríodh. Mar ábhar ag cuid de na sliochtanna seo tá tairngreachta, dá bhfacthas a gcomhlíonadh in imeacht na gcéadta. Is minic don chomhlíonadh seo a bheith de réir an chiall litriúil, uaireanta eile is den chiall mheáfarach é agus uaireanta eile tig leis an dá chiall a bheith i gceist. Is tairngreacht mhór é ainm an leabhair féin, rud a míníodh cheana; chonacthas comhlíonadh na tairngreachta sin in imeacht na mblianta. D'fhógair an chéad fhoilsiú riamh teacht aoise na foghlama tré úsáid fhairsing an phinn. (96: 4-6)

20. Chuir sé an dá mheall uisce ag rith.  
Tiocfaidh siad lena chéile lá éigin.

مَرَجَ الْبَحْرَيْنِ يَلْتَقِيَانِ ﴿٦٥﴾

21. Tá teora eatarthu faoi láthair; ní thagann siad salach ar chéile.  
Caibidil 55:20-21.

بَيْنَهُمَا بَرْحٌ لَا يَبْغِيَانِ ﴿٦٦﴾

الرحمن: ٢٠ - ٢١

34. Ó a chuideachta na Jinn agus na bhfear! má tá cumhacht agaibh dul thar imeall na bhflaitheas agus an domhain, imigí libh. Ach ní féidir libh imeacht gan ceadúnas.

يَمَعَشِرَ الْجِنِّ وَالْإِنْسِ إِنَّ اسْتِطَعْتُمْ أَنْ تَتَفَدُّوا مِنْ  
أَقْطَارِ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ فَانْفُدُوا لَا تَنْفُدُونَ

إِلَّا بِإِذْنِ رَبِّكَ

35. Cé acu de na comaoin a chuirfeadh bhur dTiarna oraibh nach nglacfadh sibh leis?

فَمَا يَأْتِيَهُمْ آيَةٌ رَبِّيَا تَكْذِبَانِ ﴿٣٥﴾

36. Seolfar lasair thine agus deataigh anuas oraibh agus ní bheidh aon neart agaibh oraibh féin.  
Caibidil 55:34-36.

يُرْسَلُ عَلَيْكُمَا شَوْابُ مِّنْ نَّارٍ وَنُحَاسٌ فَلَا تَنْصُرَانِ ﴿٣٦﴾

الرحمن: ٣٤

2. Nuair a réabtar na flaithis óna chéile.

إِذَا السَّمَاءُ أَنْشَقَّتْ ﴿٦٧﴾

3. Ag tabhairt cluas dá dTiarna — agus is dualgas orthu é seo a dhéanamh —

وَأَذِنَتْ لِرَبِّهَا وَحُقَّتْ ﴿٦٨﴾

## TAIRNGREACHTAÍ

4. Leathnóidh an domhan,

وَإِذَا الْأَرْضُ مُدَّتْ ﴿٤﴾

5. Agus caithfidh sé a níos a mbeidh ann ionas go mbeidh sé folamh;

وَأَلْقَتْ مَا فِيهَا وَتَخَلَّتْ ﴿٥﴾

6. Agus tabharfaidh sé cluas dá Thiarna — agus tá sé seo de dhualgas air —  
Caibidil 84:2-6

وَأَذِنَتْ لِرَبِّهَا وَحُقَّتْ ﴿٦﴾

الانشقاق: ٢ - ٦

5. Agus nuair a bheidh na camail bhaineanna tréigthe agus iad ag iompar le trí ráithe agus mí.

وَإِذَا الْعِشَارُ عُطِّلَتْ ﴿٥﴾

8. Agus nuair a thabharfar le chéile na ciní éagsúla,

وَإِذَا الْفُؤُوسُ زُوِّجَتْ ﴿٨﴾

التكوير: ٥, ٨

11. Agus nuair a leathfar na leabhair thar lear.

وَإِذَا الصُّحُفُ نُشِرَتْ ﴿١١﴾

12. Agus nuair a nochtfar na flaithis.  
Caibidil 81:5,8,11,12.

وَإِذَا السَّمَاءُ كُشِطَتْ ﴿١٢﴾

التكوير: ١١ - ١٢

2. Agus beidh an domhan ag croitheadh le maidhmeanna fíochmhara.

إِذَا زُلْزِلَتِ الْأَرْضُ زِلْزَالَهَا ﴿٢﴾

3. Agus tabharfaidh an domhan a níos a chuid ualaigh,

وَأَخْرَجَتِ الْأَرْضُ أَثْقَالَهَا ﴿٣﴾

4. Agus fiafróidh an cine daonna, ‘Céard atá air?’

وَقَالَ الْإِنْسَانُ مَا لَهَا ﴿٤﴾

5. Inseoidh sé a chuid scéalta an lá sin,

يَوْمَئِذٍ تُحَدِّثُ أَخْبَارَهَا ﴿٥﴾

6. Mar beidh léargas fáighte aige ina thaobh ó do Thiarna.

بِأَن رَّبَّكَ أَوْحَىٰ لَهَا ﴿٦﴾

7. Agus tiocfaidh na fir le chéile an lá sin ina ngrúpaí fánacha ionas go dtaispeáiní dóibh toradh a gcuid saothair,

يَوْمَئِذٍ يَصُدُّرُ النَّاسُ أَشْتَاتًا لِّسِرِّهِمْ ﴿٧﴾

أَعْمَلُهُمْ ﴿٧﴾

8. Agus an frídín is lú maitheasa a bheadh déanta ag fear beidh sé le feiceáil aige an lá sin.

فَمَنْ يَعْمَلْ مِثْقَالَ ذَرَّةٍ خَيْرًا يَرَهُ ﴿٨﴾

9. Agus an frídín is lú oilc a bheadh déanta ag fear beidh sé le feiceáil aige an lá sin freisin.

وَمَنْ يَعْمَلْ مِثْقَالَ ذَرَّةٍ شَرًّا يَرَهُ ﴿٩﴾

Caibidil 99:2-9

الزلزال: ٢ - ٩

106. Agus nuair a fhiafróidh siad faoina sléibhte. Abair leo, ‘Déanfaidh mo Thiarna smúdar díobh, agus scaipfidh Sé ina bpúir iad.

وَسَمُّوْنَاكَ عَنِ الْجِبَالِ فَقُلْ يَنْسِفُهَا رَبِّي نَسْفًا ﴿١٠٦﴾

## TAIRNGREACHTAÍ

107. Agus beidh machaire réidh,  
neamhthorthúil, déanta aige díobh.

فَذَرُّهَا قَاعًا صَفْصَفًا ﴿١٠٧﴾

108. Agus ní bheidh ísleán ná árdán le feiceáil  
agat ann.  
Caibidil 20:106-108.

لَا تَرَىٰ فِيهَا عِوَجًا وَلَا أَمْتًا ﴿١٠٨﴾

طه : ١٠٦ - ١٠٨

83. Agus nuair a dhaorfar iad, tógfaimid frídín  
ghalair den talamh faoina gcoinne agus  
goillfidh sé orthu mar ná chreid na daoine inár  
gcuid Solaoidí.  
Caibidil 27:83.

وَإِذَا وَقَعَ الْقَوْلُ عَلَيْهِمْ أَخْرَجْنَا لَهُمْ دَابَّةً مِّنَ الْأَرْضِ

تُكَلِّمُهُمْ أَنَّ النَّاسَ كَانُوا بِآيَاتِنَا لَا يُوقِنُونَ ﴿٨٣﴾

النحل : ٨٣

8. Beidh an tsúil dall,

فَادْبِقِ الْبَصْرُ ﴿٨﴾

9. Beidh úrú ar an ngealach.

وَحَسَفَ الْقَمَرُ ﴿٩﴾

10. Beidh an ghrian agus an ghealach tugtha ar  
a chéile.  
Caibidil 75:8-10.

وَجُمِعَ الشَّمْسُ وَالْقَمَرُ ﴿١٠﴾

القيامة : ٨ - ١٠

## 18.

# SONRAITHE FAOIN NÁDÚR

Tá sé ar cheann de na tréithe sainiúla den Quran nach gcuireann sé i leith an nádúir aon cheo a cruthaíodh a bheith neamh-chruinn tré thaighde a déanadh, é seo in ainneoin é a bheith 1400 bliana d'aois. Tagraíonn go leor de na sliochtanna do fhíríci nua eolaíocha agus san am céanna tagraíonn roinnt eile do féiniméain atá le fiosrú fós. Níor roghnaíodh ach beagán sliochtanna chun cuid de na himpleachtaí dá bhfuil san iliomad tagairtí don nádúr san Quran, a léiriú.

30. Ceann dá Sholaoídí é cruthú na bhflaitheas agus cruthú an domhain, agus cruthú cibé ainmhí a chuir Sé ar gach aon cheann díobh. Tá an chumhacht aige iad a chruinniú le chéile uair ar bith a thograíonn Sé Féin é.

Caibidil 42:30.

99. Agus Eisean a chruthaigh tú ón aon duine amháin, agus tá baile agus lóistín ann duit. Tá na Solaoídí mínithe go mion againn do phobal a bhfuil tuiscint iontu.

Caibidil 6:99.

2. Agus a dhaoine! Bíodh scáth oraibh roimh bhur dTiarna, an Té a chruthaigh sibh ón aon anam amháin, agus ón anam sin a chruthaigh sé céile dó, agus leathnaigh go leor ban agus fear uathu seo; agus bíodh scáth oraibh roimh Allah, ina ainm sean a iarann sibh cabhair ar a chéile, agus cuireadh sé scáth oraibh go háithrid i dtaobh gaol fola. Bíonn Allah, ag fóirithint oraibh go deimhin.

Caibidil 4:2.

7. Sé a mhúnláíonn sibh sa bhroinn de réir mar a shocraíonn Sé féin; níl aon Dia eile ann ach É, Sé atá neartmhar, agus gaoiseach.

Caibidil 3:7.

وَمِنْ آيَاتِهِ خَلْقَ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَمَا بَيْنَهُمَا مِنْ دَابَّةٍ وَهُوَ عَلَىٰ جَمْعِهِمْ إِذَا يَشَاءُ قَدِيرٌ ﴿٣٠﴾

الشورى: ٣٠

وَهُوَ الَّذِي أَنْشَأَكُمْ مِنْ نَفْسٍ وَاحِدَةٍ فَمُسْتَقَرٌّ وَمُسْتَوْدَعٌ

قَدْ فَصَّلْنَا الْآيَاتِ لِقَوْمٍ يُفْقَهُونَ ﴿٩٩﴾

الأنعام: ٩٩

يَتَأْتِيهَا النَّاسُ اتِّقُوا رَبَّكُمُ الَّذِي خَلَقَكُمْ مِنْ نَفْسٍ وَاحِدَةٍ  
وَخَلَقَ مِنْهَا زَوْجَهَا وَبَثَّ مِنْهُمَا رِجَالًا كَثِيرًا وَنِسَاءً وَاتَّقُوا  
اللَّهَ الَّذِي تَسَاءَلُونَ بِهِ وَالْأَرْحَامَ إِنَّ اللَّهَ كَانَ عَلَيْكُمْ

رَقِيبًا ﴿٢﴾ النساء: ٢

هُوَ الَّذِي يُصَوِّرُكُمْ فِي الْأَرْحَامِ كَيْفَ يَشَاءُ لَا إِلَهَ

إِلَّا هُوَ الْعَزِيزُ الْحَكِيمُ ﴿٧﴾ آل عمران: ٧

20. Nach léir duit gur chruthaigh Allah na flaithis agus an domhan go críonna? Má shocraíonn Sé é is féidir leis deireadh a chur leat agus neach nua a thabhairt ar an saol. Caibidil 14:20.

6. A dhaoine, má tá amhras oraibh i dtaobh an Aiséirí, cuimhnigí gur chuireamar brí sa dusta, agus ansin sa mheall feola, a raibh cuid de cumtha agus cuid nach raibh, leis an mbeatha a thabhairt daoibh, agus ionas go mbeadh muid ábalta léargas ar ár gcumhacht a thabhairt daoibh. Agus is de réir ár dtoil a fhanann an toircheas sa bhroinn i gcaitheamh an achair chaoithiúla; agus ansin go dtagann sibh ar an saol mar naíonáin; agus go dtógaimid sibh go mbíonn sibh lán fhásta. Agus ligimid don bhás a theacht ar chuid díbh go hóg, agus tugaimid cead do chuid díbh an chuid is measa den bheatha a bhaint amach, dá bharr ní bhíonn tada ar eolas acu cé go raibh ar dtús. Agus chonaic sibh an saol gan dé ar bith ann, ach chuireamar uisce air, a chorraigh agus a mhéadaigh é, agus a chuir borradh faoi gach cineál fáis dá áille. Caibidil 22:6.

89. Agus feiceann tú na sléibhte — saothar Allah a chruthaigh gach uile rud go foirfe — agus ceapann sibh go bhfuil siad buan daingean. Ach scaipfead iad fós mar a scaipeann na scamail sa spéir. Tá a fhios ag Allah go rímhaith céard a bhíonn ar siúl agaibh. Caibidil 27:89.

9. Agus tá capaill agus miúil agus asail cruthaithe aige le go mbeadh marcaíocht agaibh, agus mar áilleacht iontu féin. Agus cruthóidh sé rudaí nach bhfuil aon eolas agaibh fós orthu. Caibidil 16:9.

أَلَمْ تَرَ أَنَّ اللَّهَ خَلَقَ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضَ بِالْحَقِّ  
 إِنَّ يَشَاءُ يَذْهَبَكُمْ وَيَأْتِي بِخَلْقٍ جَدِيدٍ ﴿٢٠﴾  
 إبراهيم: ٢٠

يَأْتِيهَا النَّاسُ إِنْ كُنْتُمْ فِي رَيْبٍ مِنَ الْبَعْثِ فَإِنَّا  
 خَلَقْنَاكُمْ مِنْ تَرَابٍ ثُمَّ مِنْ نُطْفَةٍ ثُمَّ مِنْ عَلَقَةٍ  
 ثُمَّ مِنْ مُضْغَةٍ مُخَلَّقَةٍ وَغَيْرِ مُخَلَّقَةٍ لِنَبِّئَنَّ لَكُمْ  
 وَنُقَرُّ فِي الْأَرْحَامِ مَا نَشَاءُ إِلَىٰ أَجَلٍ مُّسَمًّى ثُمَّ  
 نُخْرِجُكُمْ طِفْلًا ثُمَّ لِتَبْلُغُوا أَشَدَّكُمْ  
 وَمِنْكُمْ مَنْ يُنُوفٍ وَمِنْكُمْ مَنْ يُرَدُّ إِلَىٰ  
 أَرْذَلِ الْعُمُرِ لِكَيْلَا يَعْلَمَ مِنْ بَعْدِ عِلْمٍ شَيْئًا  
 وَتَرَىٰ الْأَرْضَ هَامِدَةً فَإِذَا أَنْزَلْنَا عَلَيْهَا الْمَاءَ  
 اهْتَزَّتْ وَرَبَّتْ وَأَنْبَتَتْ مِنْ كُلِّ زَوْجٍ بَهِيجٍ ﴿٦﴾  
 الحج: ٦

وَتَرَىٰ الْجِبَالَ تَحْسَبُهَا جَامِدَةً وَهِيَ تَمُرُّ مَرَّ السَّحَابِ  
 صُنِعَ اللَّهُ الَّذِي أَنْقَضَ كُلَّ شَيْءٍ إِنَّهُ خَيْرٌ مِمَّا  
 تَفْعَلُونَ ﴿٨٩﴾  
 النمل: ٨٩

وَالخَيْلِ وَالْبِغَالِ وَالْحَمِيرِ لَتَرْكَبُوها وَزِينَةً  
 وَيَخْلُقُ مَا لَا تَعْلَمُونَ ﴿٩﴾  
 النحل: ٩

## 19.

# ACHAINAÍOCHA MAR A MHÚINTEAR SA QURAN BEANNAITHE

Is gaol fuinniúil idir Dhia agus an duine diaga í an urnaí. Is é grásta Dé a chéad-mheallann an duine chun Dé. Mar fhreagra ar seo léiríonn an duine buíochas agus dáiríreacht agus druideann Dia chuige. Tré'n urnaí tagann cuma dá chuid féin ar an ngaol seo agus bíonn torthaí speisialta dá chuid féin air. Is eol dóibh siúd a bhfuil taithí acu ar tharlúintí spioradálta agus ar spriocanna spioradálta a bhaint amach, go dtarlaíonn sé don chreidmheach foirfe fíor-chumhachtaí cruthaíoch a bheith aige tré mheán an urnaithe — is eol dóibh seo ón taithí atá acu air arís agus arís eile.

187. Agus nuair a fhiafraíonn mo chuid searbhóntaí díot i mo thaobh, abair leo: 'Tá mé gar daoibh. Tugaimse freagra ar an achainíoch nuair a ghuíonn sé chugam. Ba cheart dóibh mar sin, áird a thabhairt orm, agus creidiúint ionam ionas go mbeidh sibh ar an mbóthar ceart.'

202. Agus tá cuid ina measc siúd a deireann: 'A Thiarna, bronn orainn maitheas sa saol seo agus maitheas sa saol atá le teacht, agus fóir orainn ó fhulaingt na Tine.'

Caibidil 2:187,202.

203. Beidh a gcion féin go maith ag dul acu seo i ngeall ar an méid atá tuillte acu. Agus tá Allah an-scioptha ag comhaireamh.

Caibidil 2:203.

وَإِذَا سَأَلَكَ عِبَادِي عَنِّي فَإِنِّي قَرِيبٌ  
أُجِيبُ دَعْوَةَ الدَّاعِ إِذَا دَعَانِ فَلْيَسْتَجِيبُوا  
لِي وَلْيُؤْمِنُوا بِلَعَلَّهُمْ يَرْشُدُونَ ﴿١٨٧﴾

البقرة: ٢٨٧

وَمِنَهُمْ مَنْ يَقُولُ رَبَّنَا آتِنَا فِي الدُّنْيَا  
حَسَنَةً وَفِي الْآخِرَةِ حَسَنَةً وَقِنَا عَذَابَ  
النَّارِ ﴿٢٠٢﴾

أُولَئِكَ لَهُمْ نَصِيبٌ مِّمَّا كَسَبُوا وَاللَّهُ سَرِيعُ  
الْحِسَابِ ﴿٢٠٣﴾

البقرة: ٢٠٢ - ٢٠٣

## ACHAINÁÍOCHA MAR A MHÚINTEAR SA QURAN

287. Ní chuireann Allah cúram iomarcach ar aon anam. Beidh an luach saothair aige a shaothróidh sé, agus beidh an pionós aige a thuillfidh sé. A Thiarna ná gearr pionós orainn má dhéanann muid faillí nó má dhéanann muid dearmad; agus a Thiarna, ná cuir cúram orainn faoi mar a chuir Tú orthu siúd a bhí romhainn. A Thiarna, ná cuir cúram orainn nach mbeidh muid in ann aige; agus maith dúinn ár bpeacaí, agus tabhair maithiúnas dúinn agus bí ceansa linn; is Tú atá mar Mháistir orainn; agus cuidigh linn in aghaidh na ndíchreidhmheach. Caibidil 2:287.

لَا يَكْفُفُ اللَّهُ نَفْسًا إِلَّا وُسْعَهَا لَهَا مَا  
كَسَبَتْ وَعَلَيْهَا مَا اكْتَسَبَتْ رَبَّنَا لَا تُؤَاخِذْنَا  
إِنْ نَسِينَا أَوْ أَخْطَأْنَا رَبَّنَا وَلَا تَحْمِلْ  
عَلَيْنَا أَصْرًا كَمَا حَمَلْتُمْ عَلَى الَّذِينَ مِنْ  
قَبْلِنَا رَبَّنَا وَلَا تُحَمِّلْنَا مَا لِطَاقَةِ لِنَابِهِ  
وَاعْفُ عَنَّا وَاعْفِرْ لَنَا وَارْحَمْنَا أَنْتَ مَوْلَانَا  
فَاَنْصُرْنَا عَلَى الْقَوْمِ الْكَافِرِينَ ﴿٢٨٧﴾

البقرة: ٢٨٧

191. Is Solaoidí iad go deimhin, cruthú na bhflaitheas agus cruthú an domhain agus imeacht an lae roimh oíche do na fir a bhfuil tuiscint acu.

إِنَّ فِي خَلْقِ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ وَاخْتِلَافِ  
الَّيْلِ وَالنَّهَارِ لَآيَاتٍ لِأُولِي الْأَلْبَابِ ﴿١٩١﴾

192. Deir na daoine a chuimhníonn ar Allah, ina seasamh nó ina suí nó ina luí ar a dtaobh dóibh, agus a dhéanann machnamh ar chruthú na bhflaitheas agus an domhain: “A Thiarna, níor chruthaigh Tú iad seo gan údar; is naofa Tú agus saor sinn dá bhrí sin ó pionós na Tine.

الَّذِينَ يَذْكُرُونَ اللَّهَ قِيَمًا وَقُعُودًا وَعَلَىٰ جُنُوبِهِمْ  
وَيَتَفَكَّرُونَ فِي خَلْقِ السَّمَوَاتِ وَالْأَرْضِ رَبَّنَا مَا  
خَلَقْتَ هَذَا بَطْلًا سُبْحَانَكَ فَقِنَا عَذَابَ النَّارِ ﴿١٩٢﴾

193. “A Thiarna, cibé duine a chuireann tú sa Tine, náirigh Tú é go deimhin. Agus ní bheidh aon chuiditheoirí ag na ciontaigh.

رَبَّنَا إِنَّكَ مَنْ تَدْخِلِ النَّارَ فَقَدْ أَخْرَجْتَهُ وَمَا  
لِلظَّالِمِينَ مِنْ أَنْصَارٍ ﴿١٩٣﴾

194. “A Thiarna, chualamar fear ag glaoch orainn chuig an greideamh: ‘Creidigí in bhur d’Tiarna,’ agus chreideamar ann. A Thiarna, maith dúinn, dá bhrí sin ár bpeacaí agus dibir uainn ár gcuid ainmhianta, agus comhair sinn i measc na bhfíréan ar lá ár mbáis.

رَبَّنَا إِنَّا أَسْمِعْنَا مُنَادِيًا بُنَادِي لِلْإِيمَانِ أَنْ آمِنُوا  
بِرَبِّكُمْ فَآمَنَّا رَبَّنَا فَاغْفِرْ لَنَا ذُنُوبَنَا وَكَفِّرْ عَنَّا  
سَيِّئَاتِنَا وَتَوَقَّنَا مِنَ الْأَبْرَارِ ﴿١٩٤﴾

195. “A Thiarna, tabhair dúinn ar gheall Tú dúinn trí do chuid Teachtaire; agus ná náirigh sinn Lá an Aiséirí. Ní hamhlaidh go dtéann Tú siar ar d’fhocal.

رَبَّنَا وَإِنَّا مَا وَعَدْتَنَا عَلَىٰ رُسُلِكَ وَلَا نَحْزَنُ يَوْمَ  
الْقِيَامَةِ إِنَّكَ لَا تُخْلِفُ الْعَهْدَ ﴿١٩٥﴾



## ACHAINAÍOCHA MAR A MHÚINTEAR SA QURAN

196. Agus d'fhreagair a d'Tiarna a gcuid paidreacha dá bhrí sin agus É á rá: 'Ní ligfidh Mé d'obair oibrí ar bith in bhur measc, is cuma ar fear nó bean é, dul amú. Fréamhaigh sibh óna chéile. Is cinnte go dtabharfaidh Mise slán ón bhfulaingt iad siúd in bhur measc a chuaigh thar lear nó a díbríodh as a dtithe nó a céasadh mar gheall ormsa, agus a throid agus a maraíodh, agus cuirfidh Mé isteach sna Gáirdíní iad, a mbíonn na srutháin ag rith iontu — is luach saothair ó Allah é seo, agus is i gcuideachta Allah atá an luach saothair is fearr.'

Caibidil 3:191-196.

فَأَسْتَجَابَ لَهُمْ رَبُّهُمْ أَنِّي لَا أُضِيعُ عَمَلَ  
عَمَلٍ مِّنْكُمْ مِنْ ذَكَرٍ وَأُنزِلُ بَعْضُكُم مِّن بَعْضٍ  
فَالَّذِينَ هَاجَرُوا وَأُخْرِجُوا مِن دِينِهِمْ وَأُودُوا  
فِي سَبِيلِي وَقَاتَلُوا وَقُتِلُوا لَأُكَفِّرَنَّ عَنْهُمْ  
سَيِّئَاتِهِمْ وَلَأُدْخِلَنَّهُمْ جَنَّاتٍ تَجْرِي مِنْ  
تَحْتِهَا الْأَنْهَارُ نَوَافِلًا مِّنْ عِنْدِ اللَّهِ وَاللَّهُ عِنْدَهُ  
حُسْنُ الثَّوَابِ ﴿١٩٦﴾ آل عمران: ١٩١ - ١٩٦

## 20.

# ROINNT SLIOCHTANNA BHEAGA SOMHEABHRAITHE AS AN gQURAN BEANNAITHE

1. In ainm Allah, an Té atá grástúil,  
trócaireach.

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ﴿١﴾

2. De réir mar a bhíonn an t-am ag imeacht,

وَالْعَصْرِ ﴿٢﴾

3. Shílfeadh duine gur baolach an stáid í ina  
mbíonn an cine daonna,

إِنَّا لَإِنسَنَ لِفِي حُسْرٍ ﴿٣﴾

4. Ach ní hamhlaidh atá an scéal don dream a  
chreideann agus a dhéanann obair  
charthanachta, agus a mholann dá chéile  
glacadh leis an bhfírinne agus a bheith dílis.  
Caibidil 103:1-4.

إِلَّا الَّذِينَ ءَامَنُوا وَعَمِلُوا الصَّالِحَاتِ وَتَوَاصَوْا  
بِالْحَقِّ وَتَوَاصَوْا بِالصَّبْرِ ﴿٤﴾  
العصر: ١ - ٤

1. In ainm Allah an Té atá grástúil,  
trócaireach,

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ﴿١﴾

2. Abraigí, ‘Ó! a dhíchreidmhígh!

قُلْ يَتَّيْمِنُهَا الْكَافِرُونَ ﴿٢﴾

3. ‘Ní adhraímse an rud a adhraíonn sibh;

لَا أَعْبُدُ مَا تَعْبُدُونَ ﴿٣﴾

4. ‘Agus ná hadhraigíse an rud a adhraímse.

وَلَا أَنْتُمْ عَابِدُونَ مَا أَعْبُدُ ﴿٤﴾

5. ‘Agus ní adhróidh mé an rud a adhraíonn  
sibhse;

وَلَا أَنَا عَابِدٌ مَّا عَبَدْتُمْ ﴿٥﴾

6. Agus ní adhróidh sibh an rud a adhraímse.

وَلَا أَنْتُمْ عَابِدُونَ مَا أَعْبُدُ ﴿٦﴾

7. Bíodh bhur greideamh agaibhse agus  
bíodh mo chreideamh féin agamsa.’  
Caibidil 109:1-7.

لَكُمْ دِينُكُمْ وَلِيَ دِينِ ﴿٧﴾

الكافرون ١ - ٧

1. In ainm Allah, an Té atá grástúil, trócaireach.

2. Nuair a thiocfaidh cabhair Allah, agus an bua,

3. Agus nuair a fheicfidh tú fir ag glacadh chreideamh Allah ina sluaite,

4. Tabhair glóir do do Thiarna, á adhradh ghlóir, agus iarr maithiúnas air. Is rímhinic a fhilleann Sé orainn le trua dúinn.

Caibidil 110:1-4.

1. In ainm Allah, an Té atá grástúil agus trócaireach.

2. Abair, 'Is É Allah É, is É an Neach É,

3. 'Is É Allah atá neamhspleách agus is é mian chuile dhuine É.

4. 'Ní ghineann Sé agus níor gineadh É.

5. 'Agus níl aon duine beo inchurtha leis.'

Caibidil 112:1-5.

1. In ainm Allah, an té atá grástúil, trócaireach.

2. Abair, 'Iarraimse coimirce ar Dhia éirí an lae,

3. Ón olc a chruthaigh Sé,

4. Ó olc na hoíche nuair a leathnaíonn Sé thar fóir,

5. 'Agus ó olc an dreama a dhéanann a seacht ndícheall le drochchríoch a chur orthu,

6. 'Agus ó olc an fhír éadmhair nuair a bhíonn éad air.'

Caibidil 113:1-6.

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ﴿١﴾

إِذَا جَاءَ نَصْرُ اللَّهِ وَالْفَتْحُ ﴿٢﴾

وَرَأَيْتَ النَّاسَ يَدْخُلُونَ فِي دِينِ اللَّهِ

أَفْوَاجًا ﴿٣﴾

فَسَبِّحْ بِحَمْدِ رَبِّكَ وَأَسْتَغْفِرْهُ إِنَّهُ كَانَ

تَوَّابًا ﴿٤﴾

النصر: ١ - ٤

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ﴿١﴾

قُلْ هُوَ اللَّهُ أَحَدٌ ﴿٢﴾

اللَّهُ الصَّمَدُ ﴿٣﴾

لَمْ يَلِدْ وَلَمْ يُولَدْ ﴿٤﴾

وَلَمْ يَكُنْ لَهُ كُفُوًا أَحَدٌ ﴿٥﴾

الإخلاص: ١ - ٥

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ﴿١﴾

قُلْ أَعُوذُ بِرَبِّ الْفَلَقِ ﴿٢﴾

مِنْ شَرِّ مَا خَلَقَ ﴿٣﴾

وَمِنْ شَرِّ غَاسِقٍ إِذَا وَقَبَ ﴿٤﴾

وَمِنْ شَرِّ النَّفَّاثَاتِ فِي الْعُقَدِ ﴿٥﴾

وَمِنْ شَرِّ حَاسِدٍ إِذَا حَسَدَ ﴿٦﴾

الفلق: ١ - ٦

1. In ainm Allah, an T   at   gr  st  il, tr  caireach.

بِسْمِ اللَّهِ الرَّحْمَنِ الرَّحِيمِ ١

2. Abair, ‘Iarraidse coimirce ar Thiarna an chine daonna,

قُلْ أَعُوذُ بِرَبِّ النَّاسِ ٢

3. ‘Ar R   an chine daonna,

مَلِكِ النَّاسِ ٣

4. ‘Ar Dhia an chine daonna,

إِلَهِ النَّاسِ ٤

5. ‘   olc an bh  ad  in mhioscaisigh,

مِن شَرِّ الْوَسْوَاسِ الْخَنَّاسِ ٥

6. ‘A bh  onn ag cogarna  il i gcro  ithe na bhfear,

الَّذِي يُوسْوِسُ فِي صُدُورِ النَّاسِ ٦

7. ‘Ar de na Jinn n   den chine daonna iad.’  
Caibidil 114:1-7.

مِنَ الْجِنَّةِ وَالنَّاسِ ٧

الناس: ١ - ٧